Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Comhairleoireacht Phoiblí ar Scéim Tacaíochta Micrighiniúna in Éirinn

## 2021

Ullmhaithe ag an Roinn
Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí
**gov.ie**

# Clár Ábhair


Clár Ábhair ..... i

1 Achoimre Feidhmeannach ..... 3

2 Réamhrá ..... 5

2.1 Cúlra leis an Scéim Tacaíochta Micrighiniúna nua molta ..... 5

2.2 Ceachtanna don Scéim Tacaíochta Micrighiniúna ..... 9

2.2.1 Scéimeanna deontais SEAI a thacaíonn le FV Gréine ..... 9

2.2.2 Ceantáil RESS-1 2020 ..... 9

3 Modheolaíocht agus Critéir Mheasúnaithe ..... 10

3.1 Plean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide d'uaillmhianta an Rialtais ..... 11

3.2 Creat reachtach an AE agus Comhthéacs ..... 11

3.3 Scéim Tacaíochta Micreaghiniúna do Phrionsabail Polasaithe ..... 12

3.4 Modheolaíochtaí ..... 14

3.5 Scéim Tacaíochta Micreaghiniúna - Critéir Measúnaithe ..... 17

3.6 Bandáil acmhainne ..... 18

3.7 Forléargas ar roghanna deartha polasaithe micrighiniúna ..... 21

4 Torthaí Ardleibhéil ..... 23

4.1 Foirm Príomh-mheicníochta MSS - Ionchuir agus Toimhdí ..... 23

4.2 Torthaí ..... 24

4.3 Cúinse bonncháis ..... 25

4.4 Rannpháirtíocht an phobail i Micreaghiniúint ..... 27

4.5 Measúnú ar thionchair féideartha an MSS ..... 30

4.5.1 Tionchair ar an Margadh Leictreachais ..... 30

4.5.1.1 Táillí/costais an ghréasáin ..... 30

4.5.1.2 Tionchair ar bhochtanas breosla/ teaghlaigh le ioncam íseal ..... 31

4.5.1.3 Costais Riaracháin ..... 31

4.5.1.4 Tionchair ar an bPróiseas PSO ..... 32

4.5.2 Tionchar chostas na scéime ........................................................................ 32
4.5.2.1 Costais na scéime léiritheacha forleathan............................................. 32
4.5.2.2 Costais do thomhaltóirí ......................................................................... 33
4.5.2.3 Tionchair ar Ghreille an Oibreora Córais Dáileacháin (DSO) .................. 34
4.5.2.4 Measúnú ar Státchabhair....................................................................... 34
5 Ardleibhéal Dearaidh agus Ceisteanna Comhairleoireachta Poiblí............................... 35
6 Gluais na dTéarmaí ......................................................................................... 39

# 1 Achoimre Feidhmeannach

Díríonn an chomhairleoireacht phoiblí seo ar an ardleibhéal roghanna le Scéim Tacaíochta Micrighiniúna (MSS) nua d'Éirinn. Leanann sé ar aghaidh ó Mheasúnú Eacnamaíoch do Theicneolaíochtaí Inathnuaite chun tacú le Scéim Tacaíochta do Leictreachas Inathnuaite RESS[1]coimisiúnaithe ag an Roinn Cumarsáidí, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) in 2017m le micreaghiniúint curtha san áireamh agus dúshláin aitheanta is gá dúinn a chur san áireamh chun cur chuige cothromasach a sheachadadh chun tacú le ginúsáideoir agus micreaghiniúint.

Úsáideann sé bunús fianaise le píosa oibre anailíse á dhéanamh in éineacht, tuarascáil measúnaithe ar chomhairle eacnamaíoch agus polasaithe chun tacú le dearadh agus cur i bhfeidhm scéime tacaíochta micrighiniúna in Éirinn (coimisiúnaithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí (DECC)).

Cé gurb é príomh-aidhm an MSS nua bealach a chur ar fáil don mhargadh do shaoránaithe agus pobail chun a bhfuinneamh inathnuaite féin a ghiniúint agus praghas cóir éifeachtach a fháil as amhlaidh a dhéanamh, tá cuspóirí pholasaí fuinnimh eile ann amhail: samhail 'féin-tomhaltóir inathnuaití' giniúna fuinnimh agus ídithe in Éirinn a bhunú, agus tacú le rannpháirtíocht an phobail agus saoránaithe in aistriú chuig geilleagar carbóin neodraigh, is gá cloí leis, agus luach ar airgead a sheachadadh don tomhaltóir san am céanna. Táthar ag cur na gcuspóirí polasaithe eile sin leis an scéim mar chritéir deartha.

Léiríonn go soiléir an anailís déanta conas is féidir le hÉirinn creat costéifeachtach a sholáthar a chloíonn le riachtanais na Treorach Fuinnimh Inathnuaite 2018 (RED II) (AE/2018/2001)[2], agus ag an am céanna ag cuidiú chun ár n-aidhm 70% leictreachais inathnuaite a bhaint amach roimh 2030 i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 agus aidhmeanna polasaithe níos leithne a sheachadadh faoi thiomantais Chláir 2020 don Rialtas.

I bhfrámú scéime tacaíochta nua don mhicreaghiniúint, tugann an Rialtas aird ar an aidhm uileghabhálach chun a chinntiú go bhfuil aon scéim tacaíochta cothrom agus go dtéann sé i ngleic le roinnt ualaigh an chostais. Is gá don scéim custaiméirí a chosaint, díriú ar chustaiméirí leochaileacha a chosaint agus a bheith inrochtana do gach custaiméirí leictreachais. Dá bhrí sin ní mór don scéim costais an leictreachais inathnuaite a chur san

[1] le Cambridge Economic Policy Associates Ltd

[2] EUR-Lex - 32018L2001 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

áireamh, ar taispeáint i gceant RESS-1 le déanaí chun go mbaintear amach forbairt inbhuanaithe d'acmhainní fuinnimh inathnuaite na hÉireann.

Chun prionsabail dearaidh a fhorbairt don scéim nua sin, rinneadh measúnú ar raon teicneolaíochtaí micrighiniúna inathnuaite, ag díriú ar fhéin-ídiú agus ag tomhais na suiteála mar is cuí chun cloí le éileamh leictreachais ábhartha, agus iad ag freastal ar éilimh leictreachais ardaithe i ngeall ar leictriúchán (caidéil teasa agus feithiclí leictreacha (EV)). Tugadh aird speisialta dá gcuid indéantachta, agus an dteastaíonn tacaíochtaí airgeadais chun a n-imlonnú a spreagadh agus más amhlaidh, costas féideartha na tacaíochta sin. Déanfaidh micreaghineadóirí i gconaí a n-infheistíocht a optamú, toisc go mbaineann siad na suiteálacha is saoire amach leis an leibhéal is airde féin-ídithe, rud a ardaíonn na sábhálacha in aghaidh rátaí miondíola le n-íocadh dá raibh cur chuige eile ann. Is sochar breise beag é luach saothair do leictreachas sa chomhthéacs ginearálta in áit deis ginte ioncaim.

Cé gur phríomh-chuspóir é imlonnú cost-éifeachtach do theicneolaíochtaí inathnuaite, tá prionsabal chur chuige éifeachtachta fhuinnimh ar dtús d'aisfheistiú tógála curtha leis, agus beidh ar mhicreaghineadóirí ag smaoineamh ar leas a bhaint as tacaíocht chun suiteálacha micrighiniúna a shuiteáil smaoineamh air sin i dteannta le bearta eile aisfheistithe fuinnimh chun na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh íosmhéid i ndiaidh oibreacha a choinneáil.

Tá freagracht ann freisin ag an dtionscal a ról a imirt chun teicneolaíocht a thabhairt go dtí an margadh a dhéanfaidh maolú agus smachtú ar chostais do thithe agus gnónna araon.

Socraíonn an próiseas forbartha don MSS leibhéal uaillmhiain don micreaghiniúint mar chuid den straitéis ghinearálta chun giniúint leictreachais inathnuaite a fhorbairt i gcomhréir leis an tiomantas chun 70% RES-E a bhaint amach roimh 2030. Ceadaíonn an dearadh scéime ag teacht chun cinn don Rialtas costais agus leibhéal uaillmhéine micrighiniúna araon a smachtú. Tá sé solúbtha go leor agus is féidir leis freagairt do thorthaí tiománaithe ag an margadh agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí déantúsaíochta.

I ndiaidh na hAchoimre Feidhmeanaí seo, is mar a leanas struchtúr na comhairleoireachta seo:

- Cuid 2 - Réamhrá
- Cuid 3 - Modheolaíocht agus Critéir Mheasúnaithe
- Cuid 4 - Torthaí Ardleibhéil
- Cuid 5 - Roghanna agus Ceisteanna ag Teacht chun Cinn

# 2 Réamhrá

## 2.1 Cúlra leis an Scéim Tacaíochta Micrighiniúna nua molta

I mí na Samhna 2019, i bhfreagra leis an mBille Scéime Tacaíochta 2017, luaigh an tAire Cumarsáidí, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil sa Dáil gur thacaigh sé i bprionsabal le margadh a sholáthar do shaoránaithe agus pobail chun a bhfuinneamh inathnuaite féin a ghiniúint agus praghas cóir éifeachtach a fháil as amhlaidh a dhéanamh. Tá sé sin ailínithe le polasaí fuinnimh de réir leagtha amach sa Pháipéar Bán Fuinnimh 2015, REDII agus Pacáiste Fuinnimh Glan, a thugann cead do na féin-tomhaltóirí inathnuaite íocaíocht a fhái le haghaidh leictreachais iomarcaigh onnmhairithe chuig an ngreille.

Aithníonn Páipéar Bán 2015 agus Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 araon ról micrighiniúna chun cuidiú leis an aistriú fuinnimh. Go ginearálta, cuimsíonn micreaghiniúint gineadóirí leictreachais beaga imlonnaithe ar an ngréasán dáilte íseal-voltais.

Tabharfaidh an páipéar seo leagan amach ar go leor prionsabail le n-úsáid chun tacú le dearadh an pholasaithe le haghaidh micrighiniúna, lena n-áirítear forálacha do phobail.

Tá raon roghanna ann ar mhaithe le conas micreaghiniúint a spreagadh/a mhaoiniú - ar bhealach leathan, is iad na roghanna ná:

- Athshlánaíonn soláthraithe na costais bunaithe ar a luach margaidh
- Athshlánaíonn soláthraithe na costais trí thobhach Oibleagáide na hEarnála Poiblí (PSO) nó coibhéiseach
- Sóisialaíonn soláthraithe na costais trína rátaí aonaid
- Tugann an Státchiste maoiniú do na costais trí scéim dheontais vótáilte.

Tabharfaidh na bearta chun polasaí micrighiniúna a fhorbairt measúnú ar na roghanna sin agus eile. Ní mór a thabhairt faoi deara gur bhealach é micreaghiniúint chun rannpháirtíochta saoránaithe a mhéadú in aistriú fuinnimh trí ghiniúint leictreachais inathnuaite le haghaidh féin-ídithe agus onnmhairíocht leictreachais iomarcaigh ginte sa ghreille. Is féidir leis saoránaithe a spreagadh níos mó chun a thuilleadh infheistíochtaí éifeachtachta fuinnimh a dhéanamh ina dtithe agus gnónna. Is tábhachtach go mbeidh aon scéim tacaíochta ar son micrighiniúna cothromasach agus go dtéann sé i ngleic le aon drochéifeacht ar dháileachán fuinnimh, ina mbeidh iad sin nach bhfuil acmhainn acu nó nach féidir leo a bheith rannpháirteach ag fóirdheonú dóibh atá in ann, m.s. Iad sin a chónaíonn in árasáin, lóistín ar cíos nó a fuair tionchar ó bhochtanas fuinnimh.

Leagann an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide reatha amach freisin na haidhmeanna don earnáil leictreachais:

- "Scéim tacaíochta comhtháiteach a chur i bhfeidhm ar son micrighiniúna le praghas chun cumhacht a dhíol don ghreille".
- "Deis a thabhairt do rannpháirtíocht an phobail i nginiúint inathnuaite chomh maith le socrúcháin sochair pobail"
- "An córas comhthola, na socrúcháin naisc, agus na tacaíochtaí maoinithe a chuíchóiriú do na teicneolaíochtaí nua ar an gcladach agus easchósta"

Roimhe sin, bhí polasaí micrighiniúna nua molta trí Bhille na mBall Príobháidigh chun tacú le forbairt micrighiniúna in Éirinn i bhfoirm oibleagáide soláthraithe chun táille a thabhairt don leictreachas onnmhairithe don ghreille agus ag dul chun cinn tríd an bpróiseas reachtach. D'ainneoin sin, chuaigh an micreaghiniúint mholta as feidhm in Eanáir 2020 le díscaoileadh Dáil Éireann.

Bunaíodh grúpa oibre micrighiniúna faoi réir Gnímh 30 an Phleain um Ghníomhú ar son na hAeráide a leagann amach na céimeanna a theastaíonn chun scéim tacaíochta micrighiniúna a fhorbairt in Éirinn. Áirítear le cuid de na príomh-chéimeanna luaite ag an ngrúpa oibre sin[3]:

- Athbhreithniú ar struchtúr luchtaithe na luchtuithe gréasáin leictreachais chun meicníocht luchtaithe cothromasach a chinntiú nach gcuidíonn le úinéirí micrighiniúna
- Athbhreithniú ar "na díolúiní reatha a bhaineann le painéil gréine de réir soláthraithe i Rialacháin Pleanála agus Forbartha [...] agus leasuithe a chur i bhfeidhm a eascraíonn ón athbhreithniú sin"
- Cinntiú go bhfuil polasaí naisc greille cuí ann do na féin-tomhaltóirí inathnuaite agus rochtain don mhicreaghiniúint. Déantar sin i gcomhthéacs forbairtí eile amhail:
    - Tá an Coimisiún um Athchóiriú Áirgiúlachta (CRU) ag tabhairt athbhreithnithe ar athruithe ar an bpróiseas naisc greille le haghaidh micrighiniúna le acmhainn níos mó ná 11kW, ach níos lú ná 50kW[4]

[3] Rialtas na hÉireann. 2019. Téarmaí Tagartha - Grúpa Oibre micrighiniúna. Ar fáil ó: https://assets.gov.ie/76537/226b862d-612e-4991-b2c9-adc51f20767c.pdf

[4] Le haghaidh gineadóirí a tháirgeann níos lú ná 6kW do naisc aon phas agus 11kW do naisc 3 phas, tá próiseas sruthlíneach i bhfeidhm cheana

- Táthar ag athchur méadair cliste go náisiúnta ag méadair cliste, a bheidh 2 milliún méadar cliste suiteáilte roimh dheireadh 2024, céim riachtanach chun taifead a éascú d'onnmhairiú giniúna leictreachais iomarcaigh.

- Measúnú ar thionchair an ghréasáin dáilte le coimhnis níos airde micrighineadóirí. Rinne Bainistíocht ar Shócmhainn Gréasáin ESB measúnú ar an anailís tosaigh déanta ar na tionchair sin agus baineadh conclúid amach gur féidir leis "an ngréasán freastal do threá micrighiniúna forleathan ag leibhéil suas go dtí 3kWp (tuaithe) agus 4kWp (uirbeach). Ag leibhéil níos ísle treá, is féidir 6kWp/11kWp a sholáthar agus d'fhéadfadh sin eascrú i leibhéil áirithe atreisithe. Ag leibhéil treá níos airde 6kWp/11kWp, nó níos airde ná 11kWp, teastaíonn staidéar córais aonair do gach nasc ag measúnú oibre agus costais gaolmhara."[5]
- Measúnú ar chineálacha difriúla scéimeanna tacaíochta micrighiniúna a dhíríonn ar earnálacha difriúla agus ag corprú prionsabal éifeachtachta fhuinnimh agus cothromais chomh maith le comhairleoireacht phoiblí.

Beidh ar an scéim micrighiniúna nua a bheith ailínithe le sonraíochtaí micrighiniúna faoi réir chreata rialála an AE. Go háirithe, cinnteoidh an Treoir Fuinnimh Inathnuaite athroghnaithe (REDII) go n-íoctar d'úinéirí micrighiniúna ráta an mhargaidh don leictreachas a onnmhairíonn siad don ghreille. I dteannta leis sin, luann airteagal 21(3) den REDII gur féidir le Ballstáit táillí a ghearradh d'fhéin-thomhaltóirí inathnuaite ar an leictreachas inathnuaite a fhéin-ghiníonn siad ó shuiteáil acmhainne leictreachais níos airde ná 30 kW. I dteannta leis, luann Rialachán (AE) 2019/943 ar an margadh inmheánach leictreachais go bhfuil "áiseanna ginte cumhachta a úsáideann foinsí fuinnimh inathnuaite le acmhainn leictreachais suiteáilte níos lú ná 400 kW" (ag laghdú go 200 kW in 2026) díolmhaithe ó fhreagracht chothromaíochta agus ar féidir leo tosaíocht seolta a fháil. Táthar ag súil go bhfaighfidh gach micreaghineadóirí tosaíocht sheolta toisc nach mbeidh aon smachtú ar cathain go mbeidh leictreachas iomarcach onnmhairithe chuig an ngreille.

Mar chuid den obair faoi réir Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide, cheap an Roinn Ricardo AEA chun comhairle eacnamaíoch agus polasaithe a sheachadadh chun tacú le dearadh agus cur i bhfeidhm na Scéime Tacaíochta micrighiniúna nua (MSS) in Éirinn.

Ba iad na príomh-aidhmeanna le tuarascáil an mheasúnaithe seo (ar fáil anseo) ná:

1. Forléargas a thabhairt ar theicneolaíochtaí micrighiniúna in Éirinn;
2. Measúnú ar a gcostais;

[5] Bainistíocht Shócmhainní Gréasáin ESB. 2019. Measúnú ar impleachtaí féideartha don ghréasán dáileacháin treá níos airde sonraithe na ngineadóirí dáilte.

3. Anailís ar bhearna indéantachta na dteicneolaíochtaí sin in earnálacha difriúla;
4. Roghanna polasaithe a aithint do mhargadh micrighiniúna na hÉireann trí mheasúnú ar dea-chleachtas idirnáisiúnta;
5. Ar deireadh, tugann sé athbhreithniú ar gach ceann de roghanna polasaithe aitheanta i dtéarmaí éifeachtachta, costais, meicníochtaí maoinithe agus castacht le cur i bhfeidhm chun moladh a sholáthar maidir leis an scéim micrighiniúna is oiriúnaí le cur ar fáil in Éirinn in Iúil 2021.

Rinne DECC measúnú ar impleachtaí do Státchabhair ón scéim agus ar bhonn na dtairiscintí reatha, ní iarrfar Státchabhair an AE don MSS toisc go mbíonn Fuméid na tacaíochta do ghnónna faoi bhun teorann measúnaithe faoi réir treoirlínte an Rialacháin Díolmhaithe Bhloc Ginearálta (GBER). I ndiaidh faomhadh agus treoir an Rialtais a fháil don scéim nua, déanfaidh DECC faomhadh a lorg don scéim seo ó Threoirlínte an AE faoi réir GBER[6].

Beidh measúnú mionsonraithe ar na struchtúir a theastaíonn i dtéarmaí an scéim a riaradh agus athbhreithnithe na scéime a bhainistiú chomh maith, déanta ar leithligh, agus ní chlúdaíonn an chomhairleoireacht seo iad. D’fhéadfadh fairsinge na riachtanas riaracháin a theastaíonn chun bainistíocht a dhéanamh ar an scéim tionchar a imirt ar dhearadh deiridh an MSS nua.

Fanfaidh an chomhairleoireacht phoiblí sin ar dhearadh ardleibhéil MSS ar oscailt go dtí **16.00 ar dé hAoine 18ú Feabhra 2021.**

Ní mór gach freagra a sheoladh chuig publicconsultation_mss@decc.gov.ie nó i scríbhinn chuig:

Comhairleoireacht MSS
Rannán Polasaithe Leictreachais
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí
29-31 Adelaide Road
Baile Átha Cliath
D02 X285
Éire

**Nóta:** d’fhéadfadh gach aighneachtaí agus tráchtanna seolta chuig DECC chun an chuspóra sin a bheith faoi réir seolta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 19007-2003 agus foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne. D’fhéadfadh aon fhaisnéis atá íogair go tráchtála a bheith léirithe go soiléir san aighneacht.

6 https://ec.europa.eu/competition/state_aid/legislation/block.html

## 2.2 Ceachtanna don Scéim Tacaíochta Micrighiniúna

### 2.2.1 Scéimeanna deontais SEAI a thacaíonn le FV Gréine

Chuir SEAI scéim FV gréine nua i bhfeidhm in 2018 do thithe teaghlaigh reatha tógtha roimh 2011. Go dtí seo, fuair 4,353 teach tacaíocht chun 15MW micrighiniúna a shuiteáil, ag sábháil 4,381 tonna astuithe CO2 in aghaidh na bliana ar chostas €10.7m. I mí Eanáir 2020, i ndiaidh athbhreithniú ar an scéim, bhí na rátaí deontais athraithe agus riachtanas íosmhéid C Rátála Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER) curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaintear prionsabail éifeachtachta fhuinnimh ar dtús amach. Sháraigh líon na n-iarratas in 2020 na blianta roimhe. De réir SEAI, d'eascraigh iarratais don scéim sin in uasghráduithe breise do thithe mar phacáiste bearta, lena n-áirítear timpeall 1,000 teach a bhain BER B2 amach. Bhí €7m maoinithe leithdháilte don scéim in 2021.

Ag an am céanna, sheachadadh tithe tógtha nua, a bhfuil riachtanas rátála íosmhéid BER B2 acu, 10MW micrighiniúna gan tacaíocht. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil na costais chun FV gréine ar leibhéal dín a shuiteáil le linn tógála foirgnimh nua i bhfad níos lú i gcomparáid leis na costais chun FV gréine ar leibhéal dín a shuiteáil ar fhoirgneamh reatha. Shocraigh an Rialtas targaid rátála B2 BER i gcomhair tacaíochtaí faoi réir na Scéime Aisfheistithe Náisiúnta na dTeach agus tá íosmhéid riachtanais BER B ann d'fhoirgnimh tráchtála agus poiblí i scéimeanna eile faoi thacaíocht ó dheontais. Beidh ar an MSS ailíniú leis na íosmhéid riachtanais sin. Dá bhrí sin, moltar go mbeidh an rátáil BER C méadaithe thar saoil na scéime go dtí rátáil B, le tráthúlacht bheacht na n-athruithe le bheith sonraithe de réir is a fhorbraíonn an scéim.

### 2.2.2 Ceantáil RESS-1 2020

Thug an ceantáil RESS-1 le déanaí bonnlíne dúinn don chostas is ísle chun teicneolaíocht fhuinnimh inathnuaite ar scála mór a imlonnú ar bhonn iomaíoch. D'fhoilsigh EirGrid torthaí deiridh an cheant[7] ar an 10ú Mheán Fómhair 2020 le mionsonraí dá leanas:

- Is é catagóir Praghais Cheangal Meánaigh Ualaithe do Gach Tionscadal ná 74.08€/MWh
- Is é catagóir Praghais Cheangal Meánaigh Ualaithe Gréine ná 72.92€/MWh

Cé go dtugann na praghsanna ceangail ón cheant RESS-1 thuas faisnéis dúinn maidir leis na tacaíochtaí díreacha do ghineadóirí, tá costais breise ann a bhaineann le imlonnú na dtionscadal sin curtha le measúnú eacnamaíoch na scéime RESS, go háirithe an costas

[7] https://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/RESS-1-Final-Auction-Results-(R1FAR).pdf

chun greille leictreachais a neartú agus a shíneadh chun acmhainn giniúna méadaithe cuí a chinntiú. Nuair a chuirtear costais measta agus díreach san áireamh, tugann sé sin costais iomlán na scéime dúinn. Ní mór tacaíochtaí don mhicreaghiniúint a chur san áireamh i gcomhthéacs na gcostas iomlán sin chun a chinntiú gur féidir an costas chun cloí le spriocanna RES-e a bhaint amach ar bhealach optamach.

Leis an gCeant RESS-1, bhí sainmhíniú freisin ar Thionscadal faoi cheannas an Phobail bunaithe ar chritéir incháilithe. Is féidir na critéir sin a úsáid sa MSS chun riachtanais a shonrú chun sainmhíniú ar Phobal Fuinnimh Inathnuaite a chomhlíonadh faoi réir an chreata. Déantar tuilleadh plé air sin i gCuid 4 thíos.

# 3 Modheolaíocht agus Critéir Mheasúnaithe

Ceann d'aidhmeanna na Scéime Tacaíochta Micrighiniúna nua ná cuidiú le hÉirinn chun a targaid 70% leictreachais inathnuaite a bhaint amach roimh 2030, chun an leictreachas inathnuaite breise a theastaíonn a sheachadadh, ag cuidiú le targaid leathan an AE 32% roimh 2030 agus acmhainn chun cloí le targaidí leictreachais inathnuaite náisiúnta, ar bhealach cost-éifeachtach, ag an am céanna ag seachadadh d'aidhmeanna pholasaí níos leithne i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Clár 2020 d'uaillmhianta an Rialtais. Tá poplasaí fuinnimh na hÉireann sonraithe ag trí phríomh-aidhm, aitheanta mar 'bhunchlocha fuinnimh':

- Iomaíochas
- Slándáil Soláthair
- Inbhuanaitheacht

Tá ceant na Scéime Tacaíochta d'Fhuinneamh Leictreachais Inathnuaite (RESS) le déanaí ag seachadadh ar phríomh-aidhm polasaithe chun cloí le targaidí riachtanacha RES-E na hÉireann ag an gcostas is ísle. Tháinig polasaí níos leithne ar fhuinneamh athrú aeráide níos mó chun tosaigh le blianta beaga, agus cé go leanfaidh impleachtaí costais do dhaoine agus gnónna mar ard-tosaíocht agus príomh-aidhmeanna don scéim nua - polasaithe eile, amhail éifeachtacht fhuinnimh, ag méadú rannphpáirtíochta an phobail agus saoránaithe i bhfuinneamh inathnuaite agus raon uaillmhianta eile achoimrithe sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Clár don Rialtas araon, tá siad san áireamh le linn an phróisis deartha seo.

## 3.1 Plean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide d’uaillmhianta an Rialtais

Sonraíonn Páipéar Bán Fuinnimh an Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 go n-athróidh an córas fuinnimh i dtreo ceann ina mbeidh saoránaithe agus pobail níos mó mar rannpháirtithe i nginiúint agus dáileachán fuinnimh inathnuaite agus ina mbeidh saoránaithe agus pobail mar rannpháirtithe gníomhacha, ag tiomáint athruithe sa bhealach a dhéanaimid ár bhfuinneamh a ghiniúint, a tharchur, a stóráil, a chaomhnú agus a úsáid.

Áirítear le Páipéar Bán Fuinnimh Sonraigh agus Clár uaillmhianta an Rialtais:

(i) Tacú le rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail fuinnimh inathnuaite

(ii) Rochtain a éascú ar ghreille náisiúnta do thionscadail leictreachais inathnuaite, agus meicníochtaí a fhorbairt chun a cheadú do phobail íocaíocht a fháil don leictreachas

(iii) Forbairt micrighiniúna a chur in áit tosaíochta, ag ceadú do dhaoine cumhacht sa bhreis a dhíol siar go dtí an ghreille

(iv) Straitéis fhuinnimh na gréine a fhorbairt d’fhótavoltaigh leibhéil dín agus agus talaimh chun a chinntiú go gcloítear le roinn níos mó ár riachtanais leictreachais trí chumhacht na gréine

Tá an scéim nua mar cheann de go leor polasaithe agus bearta atá mar chuid de chreat gníomhaíochta thar an earnála ginte leictreachais, dírithe ar dhícharbónú ar an earnáil leictreachais agus geilleagar neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach roimh 2050. I gcomhthéacs targaidí reatha fuinnimh inathnuaite na hÉireann, faigheann na bearta sin cuidiú ón gcreat polasaí fadtréimhseach tugtha ag an bPáipéar Bán Fuinnimh *Aistriú na hÉireann i dtreo Todhchaí Fuinnimh Íseal-Charbóin.*

## 3.2 Creat reachtach an AE agus Comhthéacs

Tá Pacáiste Fuinnimh Glan an AE mar chuid de phacáiste tionscnaíochtaí dár teideal “Fuinneamh Glan do phobal na hEorpa”.

Comhdhéanann sé ocht dtairiscint reachtach mar a leanas:

1. Rialachán An Mhargaidh Inmheánaigh um Leictreachas (Ateilgean)
2. Rialachán ACER (Ateilgean)
3. Rialachán ar Ullmhaíocht i gComhair Riscaí san Earnáil Leictreachais agus Aisghairm Slándála na Treorach Soláthair
4. Treoir Fuinnimh Inathnuaite (Ateilgean)

5. Treoir Éifeachtachta Fhuinnimh Athbhreithnithe
6. Treoir Feidhmíochta Fhuinnimh ar Fhoirgnimh
7. Rialachán ar Rialachas an Aontais Fuinnimh

Tá forálacha ann a bhaineann le micreaghiniúint/féin-ghiniúint, go sonrach na forálacha a bhaineann le Custaiméirí Gníomhacha agus Pobail Fuinnimh Saoránaithe, atá ag Treoir an Mhargaidh Inmheánaigh um Leictreachas (IMED). Tá forálacha na Treorach Fuinnimh Inathnuaite (RED II), go háirithe i ngeall ar fhéin-thomhaltóirí Inathnuaite agus Pobail Fuinnimh Inathnuaite ábhartha go díreach freisin don ábhar seo.

Ní mór a thabhairt faoi deara go soláthraíonn fopharagraf 1 Airteagail 3(3) RED II:

> Ní mór do Bhallstáit a chinntiú go bhfuil a bpolasaithe náisiúnta, lena n-áirítear oibleagáidí a eascraíonn ó Airteagail 25 go 28 na Treorach seo, agus a scéimeanna tacaíochta, deartha le aird ar an gcliarlathas dramhaíl de réir leagtha amach in Airteagal 4 na Treorach 2008/98/EC le aidhm chun saofa míchuí ar na margaí amhábhair a sheachaint.

Tá an Treoir Dramhaíl comhdhlúiteanseo.

Sa bhreis air, is féidir leis na Treoirlínte Fuinnimh agus Státchabhair Comhshaoil, infheidhmithe do scéimeanna tacaíochta inathnuaite idir 2014 agus 2020, teorainn a chur - ó dhearcadh Státchabhair agus an mhargaidh inmheánaigh - ar na roghanna deartha do scéimeanna tacaíochta RES-E náisiúnta seachas i suiteálacha ar scála beag. Tabharfaidh na treoirlínte Státchabhair 2014 foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach faisnéis agus cruth d’fhorbairt na scéime nua. Baineann Státchabhair an AE le tacaíochtaí do chomhlachtaí. Dá bhrí sin, níl na costais sa scéim seo chun tacú leis an earnáil náisiúnta san áireamh sa mheasúnú Státchabhair.

## 3.3 Scéim Tacaíochta Micreaghiniúna do Phrionsabail Polasaithe

Ní mór don pholasaí micrighiniúna a bheith bunaithe ar aidhmeanna soiléir gan débhrí, agus díriú ar earnálacha sonracha an tsochaí ina bhfuil fabhtaí cruthaithe an mhargaidh.

D’ainneoin na dteicneolaíochtaí micrighiniúna féideartha chun cuidiú d’Éirinn cloí lena targaidí fuinnimh agus astuithe agus aistrithe dearfacha in ídiú fuinnimh a spreagadh, fanann an ráta glactha i measc úinéirí tithe íseal ag timpeall 1.5% d’úsáideoirí leictreachais náisiúnta. Áirítear leis na cúiseanna costais suiteála, feasacht íseal ar mhicreaghiniúint i measc úinéirí tí agus toilteanas na n-úinéirí tí (WTP) a thiteann go suntasach faoi bhun

praghsanna an mhargaidh. Sa bhreis air sin, ceannaíonn nó déanann úinéirí teach infheistíocht ar chinntí a  fhaigheann tionchar ó fhachtóirí eile nach mbaineann le measúnuithe costais-sochair lena n-áirítear sochair micrighiniúna agus brú sóisialta dearfaí ar féidir a aistriú in aisfhriotal níos airde.

Prionsabail molta a thacaíonn le polasaí micrighiniúna:

1. **Samhail 'féin-thomhaltóra inathnuaite'** a bhunú do ghiniúint fuinnimh agus ídiú in Éirinn, ag cloí le tiomantas laistigh an Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus dearbhphrionsabail na bpobal fuinnimh de réir leagtha amach in RED II agus IMED.
2. Tacú le coincheap **cumhachtaithe agus rannpháirtíochta an phobail** leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide,
3. Cinntiú go bhfuil aon scéim tacaíochta **cothromasach agus go dtéann sé i ngleic le roinnt ualaigh costais.** Is gá don scéim custaiméirí a chosaint, díriú ar chustaiméirí leochaileacha a chosaint agus a bheith inrochtana do gach custaiméirí leictreachais,
4. Cur chuige **éifeachtachta fhuinnimh ar dtús** a ghlacadh chun tacaíochtaí fuinnimh a thógáil nuair is féidir, agus ní mór do chinntitheoirí suiteálacha micrighiniúna a chur san áireamh i dteannta le bearta aisfheistithe fuinnimh ar fhoirgnimh,
5. Díriú ar **fhéin-ídiú (lena n-áirítear stóras agus freagra ar éilimh)** agus tomhais a ghlacadh ar an suiteáil mar is cuí chun cloí le éileamh leictreachais ábhartha (tabhair faoi deara éilimh leictreachais méadaithe i ngeall ar leictriúchán (caidéil teasa agus EVs),
6. Bunaithe ar **shonraí agus fianaise** ó scéimeanna reatha agus stairiúla lena n-áirítear taighde eile (iompair agus meoin, ceardlanna geallshealbhóirí, srl.) agus measúnuithe eacnamaíoch agus airgeadais ábhartha eile,
7. A Thacaíonn le **tionscal inbhuanaithe agus micrighiniúna seasmhach** in Éirinn, ag tacú le fiontar áitiúil agus fostaíocht,
8. **Scéim comhtháiteach** a sheachadadh, ailínithe le scéimeanna tacaíochta eile (m.s. Clár don Rialtas 2020: Aisfheistiú Domhain, Caidéil Teasa agus Feithiclí Leictreacha) lena n-áirítear tacaíochtaí cuí, le foráil do tháille fothaithe-istigh um dhíolachán don ghreille le bheith socraithe ar a laghad ag an bpointe praghais mórdhíola,
9. **Dul i ngleic le constaicí teicniúla** agus constaicí pleanála nuair is cuí, agus polasaí naisc ghreille soiléir a chur ar fáil.

Tá go leor constaicí ann ar gá dúinn a shárú agus a chuirfidh tionchar ar aon mheasúnú ar roghanna i gcomhair scéime tacaíochta cuí don mhicreaghiniúint. Áirítear leo sin pleanáil,

naisc ghreille don onnmháiriú, rochtain ar agus costas airgeadais agus córais chun tomhais a ghlacadh agus leictreachas onnmhairithe a shocrú.

Áirítear le fachtóirí a imríonn tionchar faoi láthair ar shuiteáil micrighiniúna:

i. Scéimeanna chúnamh deontais, lena n-áirítear FV na Gréine, Pobail Fuinnimh níos Fearr (BEC), Pobail Fuinnimh Inathnuaite (SEC), Nuachóiriú Talmhaíochta Dírithe (TAMS II) agus scéim Liúntais Caipitil Luasghéaraithe.
ii. Íosmhéid riachtanais do chórais fuinnimh inathnuaite i gCuid L de Rialacháin Tógála
iii. Meathlúchán i gcostais caipitil do chórais
iv. Timpeallacht ráta úis ísil

Polasaithe agus fachtóirí ar féidir leo infheistíocht i micreaghiniúint a athrú sa todhchaí:

i. Athruithe do thacaíochtaí i gcomhair micrighiniúna
ii. Athruithe ar dhíolúiní pleanála a dhéanfaidh baic do mhicreaghiniúint a laghdú
iii. Athruithe do Rialacháin Tógála a chuirfidh bac ar choirí gáis i bhfoirgnimh nua
iv. Athruithe i dteicneolaíocht
v. Rátaí úis níos airde
vi. Athruithe i bpraghsanna leictreachais miondíola

## 3.4 Modheolaíochtaí

Cur chuige ardleibhéil ar mheasúnú eacnamaíoch ar theicneolaíochtaí micrighiniúna (tuarascáil ar eacnamaíocht agus anailís pholasaithe).

Chun tuiscint mhionsonraithe a fhorbairt ar ionchuir agus dea-chleachtas do mhicreaghiniúint in Éirinn, choimisiúnaigh DECC tuarascáil polasaithe agus anailíse, a sholáthraíonn:

**A.** Forléargas a thabhairt ar theicneolaíochtaí micrighiniúna in Éirinn;
**B.** Measúnú ar a gcostais;
**C.** Anailís ar bhearna indéantachta na dteicneolaíochtaí sin in earnálacha difriúla;
**D.** Roghanna polasaithe a aithint do mhargadh micrighiniúna na hÉireann trí mheasúnú ar dea-chleachtas idirnáisiúnta; agus
**E.** Ar deireadh, tugann sé athbhreithniú ar gach ceann de roghanna polasaithe aitheanta i dtéarmaí éifeachtachta, costais, meicníochtaí maoinithe agus castacht le cur i bhfeidhm chun moladh a sholáthar maidir leis an scéim micrighiniúna is oiriúnaí le cur ar fáil in Éirinn in Iúil 2021.

Clúdaíonn an tréimhse don anailís eacnamaíoch an tréimhse ón aimsir reatha go dtí 2030. Tugann an tuarascáil taighde agus anailís ar mhargadh micrighiniúna na hÉireann agus raon roghanna polasaithe ainmnithe a mheaitseálann timpeallacht na hÉireann. Áirítear le mionsonraí breithniúcháin i gcomhair forbartha cúitimh margaí micrighiniúna agus scéim tacaíochta do mhicreaghiniúint in Éirinn ó Iúil 2021, ag glacadh san áireamh aidhmeanna an CAP in Éirinn.

Is measúnú tábhachtach d'aon pholasaí breise ainmnithe é ríomhadh costais cothromaithe fuinnimh agus indéantacht bhearnaí i dteicneolaíochtaí micrighiniúna in earnálacha difriúla:

### LCOE

Costas Cothromaithe Fuinnimh (LCOE) a úsáidtear de ghnáth le linn comparáid a dhéanamh ar ghineadóirí leictreachais ar scála mór. D'ainneoin sin, níl sé ina thomhais cuí ar iomaíochas do theicneolaíochtaí micrighiniúna toisc go mbíonn siad in iomaíocht le praghas leictreachais miondíola, in ionad costais an leictreachais soláthraithe sa mhargadh mórdíola.

### Bearna Indéantachta

Méadracht níos cuí le úsáid ná an bearna indéantachta, a thugann tomhais ar an leibhéal tacaíochta airgeadais a theastaíonn in aghaidh aon aonaid le leictreachas chun go mbeidh an infheistíocht indéanta.

Bíonn gnéithe difriúla ag teicneolaíochtaí micrighiniúna a mbíonn siad níos oiriúnaí dá bharr le úsáid in earnálacha difriúla. Fuair an staidéar measúnaithe go bhfuil ról ann do gach teicneolaíochtaí a ndéantar measúnú orthu seachas micrea-CHP le fuinneamh breosla iontaise toisc nach laghdaíonn sé príomh-fhuinneamh nó CO2 thar an tréimhse, i ngeall ar fhorteilgin do laghdú ar leibhéil astuithe carbóin sa ghreille leictreachais, agus dá bhrí sin níl sé ailínithe le uaillmhianta an Rialtais de réir a bheadh teicneolaíochtaí breosla iontaise glasáilte isteach aige. Tugtar forléargas ar oiriúnacht na bpríomh-theicneolaíochtaí micrighiniúna in Éirinn (micrea-ghréine, gaoithe, uisce, CHP) d'earnálacha difriúla sa tábla thíos.

### Tábla 3-1 Oiriúnacht na dteicneolaíochtaí de réir earnála

| Sector | Solar | Micro-wind | Micro-hydro | Micro-CHP |
|---|---|---|---|---|
| Domestic | (amber) | (red) | (red) | (green) |
| SME (commercial) | (green) | (amber) | (amber) | (green) |
| SME (industrial) | (green) | (amber) | (amber) | (green) |
| Agriculture | (green) | (amber) | (amber) | (green) |
| Community/social enterprises | (green) | (amber) | (amber) | (green) |
| Citizen energy communities | (green) | (amber) | (amber) | (green) |
| Public buildings (local authorities) | (green) | (amber) | (amber) | (green) |
| Public buildings (schools) | (green) | (amber) | (amber) | (green) |

| Key | RAG grading criteria |
|---|---|
| High | None/negligible issues identified with technology within sector |
| Medium | Technology is appropriate for sector although some issues to address |
| Low | Technology is not suitable for sector |

Ba chóir do leibhéil tacaíochta micrighiniúna a bheith socraithe go leibhéal chun aisfhriotal teicneolaíochta a spreagadh nuair a bhíonn bearnaí sa mhargadh (m.s. An ioncam faighte ó theicneolaíocht a oibriú nach gcúitíonn an teicneolaíocht sin). Ní mór teacht ar chothromaíocht idir go leor spreagtha a sholáthar chun an difríocht atá ann idir chostas suiteála do theicneolaíocht áirithe a chlúdú agus na sábhálacha a eascraíonn as an féin-ídiú. Tá an difríocht sin sonraithe mar bhearna indéantachta.

### Aithint pholasaithe agus measúnú

Bunaithe ar athbhreithniú ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta na scéimeanna chun aisfhriotal micrighiniúna a chur chun cinn, aithníodh go leor roghanna polasaithe de réir liostaithe sa tábla thíos.

### Tábla 3-1 Forléargas ar chúig rogha molta polasaithe do scéim mhicrighiniúna in Éirinn

| Roghanna polasaithe | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Baránta Onnmhairithe Cliste** do gach suiteálacha (sean agus nua) | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| **Fóirdheontas infheistíochta** do shuiteálacha nua mar chéatadán de chostais infheistíochta iomlán | | ✓ | | | ✓ |
| **Táille fothaithe istigh** le íocaíocht onnmhairithe amháin (do shuiteálacha reatha agus nua) agus íocaíocht nua do ghiniúint (suiteálacha nua amháin) | | | ✓ | | |
| **Biseach fothaithe istigh** do shuiteálacha eile amháin bunaithe ar an ndifríocht idir an mbearna indéantachta agus ráta ráthaíochta onnmhairíochta cliste | | | | ✓ | |
| **Critéir incháilitheachta** difriúil i gcomhair **inrochtaineachta méadaithe** | | | | | ✓ |

Rinneadh measúnú ar gach ceann den chúig rogha polasaithe seo i dtéarmaí a n-éifeachtachta, costais, meicníochtaí maoinithe agus castacht chun cur i bhfeidhm.

## 3.5 Scéim Tacaíochta Micreaghiniúna - Critéir Measúnaithe

### Teicneolaíochtaí micrighiniúna in Éirinn

Bíonn gnéithe difriúla ag teicneolaíochtaí micrighiniúna a mbíonn siad níos oiriúnaí dá bharr le úsáid in earnálacha difriúla. Mar chéad chéim chun scéim tacaíochta micrighiniúna a fhorbairt in Éirinn, déantar measúnú ar ghnéithe earnálacha difriúla agus déantar comparáid orthu in aghaidh oiriúnacht na dteicneolaíochtaí micrighiniúna difriúla.

### Anailís an earnála

Cuirtear raon teaglamaí teicnaolaíochta agus earnála le haghaidh forbartha roghanna micrighiniúna. Is iad na roghanna teicneolaíochta ná:

1. FV Gréine
    a. Cóimeáilte ar talamh
    b. Cóimeáilte ar an ndíon
2. Micrea-ghaoithe
3. Micrea-uisce
4. Micrea-CHP

Na earnálacha curtha san áireamh go sonrach i gcomhair na teicneolaíochtaí micrighiniúna sin ná:

1. Náisiúnta
2. Talmhaíochta
3. Fiontair Beaga-Meánacha (SMEs) (tráchtála agus tionsclaíoch)
4. Foirgnimh poiblí (scoil agus foirgnimh údaráis áitiúla)
5. Pobail/fiontar sóisialta
6. Pobail fuinnimh Saoránaithe

Tugann measúnú cáilíochta achoimre ar oiriúnacht gach teaglaim teicneolaíochta/earnála bunaithe ar na méadrachtaí a leanas:

1. Lód leictreachais
2. Riachtanais suiteála
3. Riachtanais oibriúcháin agus cothabhála

Glactar le gach ceann de na teaglaim an earnála teicneolaíochta sin mar airctíopa ar feadh an staidéir. Mar shampla, is airctíopa é gréine ar leibhéal dín teaghlaigh. Déantar measúnú ar gach ceann acu ar bhonn dearg-buí-glas (RAG) chun forléargas a thabhairt maidir le oiriúnacht teicneolaíochta laistigh earnála.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuireann an measúnú oiriúnacht gach teicneolaíochta san áireamh ar scála leathan agus ní smaoiníonn sé ar gach cúinsí

féideartha do gach teaglam teicneolaíochta/earnála. Is dócha gur féidir gach teicneolaíocht a chur i bhfeidhm in aon earnáil faoi choinníollacha sonracha; ach díríonn an measúnú ar cad is féidir a dhéanamh de ghnáth de bhrí riachtanais gach earnála aonair

## 3.6 Bandáil acmhainne

Na príomh-phrionsabail taobh thiar de bhandáil acmhainne do na teicneolaíochtaí difriúla a úsáidtear sa mheasúnú ná:

- Ailíniú le caighdeán Eirpach EN50549 "Riachtanais do ghléasraí gineadóireachta chun a bheith nasctha frithreomhar le gréasáin dáileacháin";
- Beidh gach naisc taobh thiar den mhéadar, amhail aon ghineadóir suiteáilte chun cumhacht a sholáthar do lód ar leith;
- Optamú a dhéanamh ar an scéim micrighiniúna chun tacú le féin-ídiú le ar a laghad 70% den leictreachas á ghiniúint in úsáid ar an suíomh.

Teorainn 30% ar an leibhéal onnmhairíochta ar ghréasán roghnaithe chun sábhálacha féin-ídithe a uasmhéadú, arbh é sin an socrúchán optamach i gcomhair ginúsáideoirí chun a gcostais suiteála a íocadh ar ais go gasta. Ar feadh a shaolré, is bealach é suiteáil micrighiniúna chun costais fuinnimh a laghdú do thomhaltóirí agus cuideoidh sé chun astuithe carbóin na hÉireann a laghdú. Soláthraíonn an scéim seo tacaíochtaí teoranta freisin mar spreagadh le acmhainn suiteáilte breise d'inathnuaite, áit nach dtugtar bearna i maoiniú ag an margadh, ag tacú le suiteálacha thar gach earnáil.

Shonraigh an cleachta bandála acmhainne na raonta acmhainne cuí do gach teicneolaíocht chun féin-ídiú a uasmhéadú thar na earnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu. Na céimeanna chun é sin a chríochnú ná:

1. Éileamh fuinnimh a shonrú do gach earnáil
2. Measúnú ar na fachtóirí teicniúla a imríonn tionchar ar na acmhainní gineadóra
3. Giniúint teicneolaíochta ag acmhainn sonraithe a shonrú
4. Acmhainn giniúna a mheaitseáil chun cloí le timpeall 70% den éileamh measta

Mionsonraí ar thoimhdí sonraí agus modheolaíocht le feiceáil in Aguisín **Error! Reference ource not found.** den tuarascáil.

### Éilimh na hearnála

Tá próifíl éilimh fuinnimh bliantúil, séasúrach agus laethúla ag na earnálacha curtha i gceist. Baineann sé sin freisin le tomhaltóirí difriúla laistigh gach earnála. Mar shampla, laistigh an earnála talmhaíochta, tá riachtanais fuinnimh difriúla go leor ag feirmeacha déirí ná iad a úsáidtear chun eallaigh a thógáil. Dá bharr, beidh aon mheastachán ar éilimh fuinnimh

d'earnáil ina mheastachán ar ghnáth-éilimh. Úsáideadh sonraí ó raon foinsí difriúla chun éilimh a mheas thar earnálacha difriúla.  Ní mór a thabhairt faoi deara nach ndéantar measúnú go follasach ar an éileamh d'fhiontair sóisialta agus scéimeanna fuinnimh an phobail araon toisc nach bhfuil cáis úsáide deiridh in-mhínithe acu. Mar shampla, d'fhéadfadh scéimeanna pobail ar mian leo cumhacht na gréine a úsáid FV ar leibhéal dín a fhorbairt ar go leor áitribh nó halla an bhaile.

Tá éilimh na hearnála, le héisceacht an earnála náisiúnta, measta bunaithe ar shonraí éilimh le déanaí agus dá bhrí sin ní chomhdhéanann siad aon athruithe fortheilgthe thar am. Rinne SEAI raon cúinsí fuinnimh don todhchaí a chuireann béim ar ardú absalóideach in éileamh[89] D'fhéadfadh an t-ardú in éileamh méadú a chur ar na leibhéil ráta féin-ídithe os cionn an teorann 70%, ag laghdú leis sin an méid leictreachais ceannaithe ón ngreille, agus leis sin ag laghdú fuinnimh caite thar na n-earnálacha. Mar thoradh leis, meastar go mbeidh an anailís éilimh coimeádach in earnálacha neamh-náisiúnta.

Meastar go mbeidh cionroinnt suntasach aisfhriotail micrighiniúna ag teacht ón earnáil teaghlaigh de réir feicthe ar feadh go leor tíortha eile. Dá bhrí sin, críochnaíodh éileamh náisiúnta fortheilgthe níos mionsonraithe bunaithe ar shéasúr agus próifíl éilimh in aghaidh na huaire gach lá. Glacann sé sin san áireamh an t-ardú in éileamh meánach teaghlaigh measta ag SEAI amach go 2030, tiománaithe ag ardú a bhfuiltear ag súil leis i líon na gcaidéal teasa suiteáilte agus ídiú EV méadaithe.

I ngeall ar na cáis úsáide difriúla laistigh earnála agus easpa sonraí éilimh ar fáil do na cáis úsáide sin, bhí go leor toimhdí ag teastáil chun an t-éileamh mionsonraithe thíos a shonrú. Tugann an tábla a leanas achoimre ar an éileamh bliantúil glactha thar gach earnála.

| **Cáis úsáide earnála** | **Éileamh ar chumhacht bliantúil (kWh)** | **Éileamh ar theas bliantúil (kWh)** |
|---|---|---|
| Náisiúnta[10] | 5,220 | 13,500 |
| Talmhaíocht - feirmeacha beaga[11] | 3,000 | 20,000 |

[8]SEAI (2018) *Fortheilgin Fuinnimh Náisiúnta* go 2030: *Léargas ar aistriú na hÉireann*. Ar fáil ag https://www.seai.ie/publications/National-Energy-Projections-to-2030.pdf

[9] SEAI (2019) Fortheilgin Fuinnimh Náisiúnta: 2019. Ar fáil ag https://www.seai.ie/publications/2019-04_SEAI2019ProjectionsReport_Final.pdf

[10] Úsáid fuinnimh neasaithe bunaithe ar an 3-5 bhliain a chuaigh thart le sonraí de réir is a athraíonn na treochtaí fuinnimh. Úsáideanna 'leictreachais' agus 'fuinnimh neamh-leictreachais' sonraí https://www.seai.ie/data-and-insights/seai-statistics/key-statistics/residential/

| | | |
|---|---|---|
| Talmhaíocht - feirmeacha móra | 19,000 | 65,000 |
| SME - tráchtála[12] | 146,500 | 132,375 |
| SMEs - tionsclaíoch[13] | 56,750 | 178,750 |
| Foirgnimh poiblí - údaráis áitiúla | 146,500 | 132,375 |
| Foirgnimh poiblí - scoileanna[14] | 28,000 | 132,250 |

Ag úsáid na n-éileamh bliantúla sin, déantar próifíleanna éilimh uaire in aghaidh na bliana a shonrú chun soláthair vs éileamh a mheas agus coibhnis féin-ídithe agus onnmhairithe cumhachta a ghiniúint.

### Bandálacha acmhainne críochnaithe

Léiríonn an tábla thíos na bandálacha acmhainne críochnaithe do gach teicneolaíocht agus earnáil a bhfuil siad oiriúnach dóibh. Úsáideann an cúpláil teicneolaíochta go cáis úsáide earnála airctíopa. Tugtar a thuilleadh anailíse ar na aircitíopaí sin chun a shonrú cén leibhéal tacaíochta airgeadais a theastaíonn chun aisfhriotal na dteicneolaíochta laistigh an earnála sin a dhreasú.

**Tábla 3-4 - Bannaí acmhainne aircitíopa teicneolaíochta/earnála críochnaithe**

| Teicneolaíocht | Earnáil | Raon bandála acmhainne (kW - kW( |
|---|---|---|
| Gréine ar leibhéal dín | Teaghlaigh agus talmhaíochta bige | 0-3 |
| Gréine ar | Talmhaíochta móire agus scoileanna | 3-11 |

[11] Sonraí talmhaíochta úsáidte ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí, Teagasc, Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha (NFS 2020) agus an Príomh-Oifig Staidrimh (CSO) mionsonraithe in A1.3.2.

[12] Éileamh ag teacht ó chaighdeáin tógála Threoir F CIBSE 2012 a úsáideann meán na gcatagóirí 'Oifige' mar ionadach, ag glacadh foirgnimh 100m x 100m (1000m$^2$) i gcomhair comparáide

[13] Éileamh ag teacht ó chaighdeáin tógála Threoir F CIBSE 2012 a úsáideann meán na gcatagóirí 'Tionsclaíoch/Úsáide Measctha' mar ionadach, ag glacadh foirgnimh 100m x 100m (1000m$^2$) i gcomhair comparáide

[14] Sonraí éilimh ag teacht ó chaighdeáin tógála Threoir F CIBSE a úsáideann meán na gcatagóirí 'Bunscoile' agus 'Meánscoil' mar ionadach, ag glacadh foirgnimh 100m x 100m (1000m$^2$) i gcomhair comparáide

| | | |
|---|---|---|
| leibhéal dín | | |
| Gréine ar leibhéal dín | SME-tráchtála/tionsclaíoch agus údaráis áitiúla | 11-50 |
| Gréine ar talamh | Talmhaíochta bige/móire agus scoileanna | 0-11 |
| Gréine ar talamh | SME-tráchtála/tionsclaíoch agus údaráis áitiúla | 11-50 |
| Gaoithe | Talmhaíochta bige | 0-6 |
| Gaoithe | Talmhaíochta móire agus scoileanna | 6-11 |
| Gaoithe | SME-tráchtála/tionsclaíoch agus údaráis áitiúla | 11-50 |
| Uisce | Teaghlaigh agus talmhaíochta bige/móire | 0-6 |
| Uisce | Scoileanna, SME-tráchtála/tionsclaíoch agus údaráis áitiúla | 6-50 |
| Micrea-CHP | Teaghlaigh agus talmhaíochta bige | 1 - 1 |
| Micrea-CHP | Talmhaíochta móire agus scoileanna | 1 - 5.5 |
| Micrea-CHP | SME - tráchtála/tionsclaíoch agus údaráis áitiúla | 5.5 - 30 |

Léiríonn anailís ar bhandáil acmhainne go bhfuil raon teicneolaíochtaí inathnuaite ar féidir leo a bheith imlonnaithe in áitribh teaghlaigh agus SME chun ardleibhéil féin-ídithe leictreachais inathnuaite a éascú. Dá bhrí sin, moltar go bhfuil an sainmhíniú ar mhicreaghiniúint fuinnimh mar seo:

“Teicneolaíochtaí micrighiniúna lena n-áirítear micrea-FV na gréine, micrea-uisce, micrea-ghaoithe agus CHP micrea-inathnuaite le uasmhéid aschuir leictrigh 50kW”.

## 3.7 Forléargas ar roghanna deartha polasaithe micrighiniúna

### Roghanna don Scéim Tacaíochta Micrighiniúna

Luann RED II go bhfuil Féin-Thomhaltóirí Inathnuaite i dteideal:

'Íocaíocht a fháil, lena n-áirítear, nuair is cuí, trí scéimeanna tacaíochta, don leictreachas inathnuaite féin-ghinte a fhothaíonn siad isteach sa ghreille, a léiríonn luach an mhargaidh don leictreachas sin agus ar féidir leis luach fadtréimhseach an ghreille, an chomhshaoil agus na sochaí a ghlacadh san áireamh'.

Dá bhrí sin, is íosmhéid riachtanais é íocaíocht onnmhairíochta i gcomhair comhréireachta leis an Treoir.  Ní mór d'aon scéim tacaíochta an riachtanas a chur san áireamh, mar aon leis an tacaíocht is oiriúnaí a theastaíonn, do mhicreaghiniúint thar agus os cionn íocaíochta onnmhairíochta.

Tá go leor roghanna scéime tacaíochta ann do mhicreaghiniúint Tionsclaíoch agus Tráchtála (I&C), lena n-áirítear deontais Caipitil, Táille Fothaithe Istigh, Biseach Fothaithe Istigh, Táille Ginte, Glan-mhéadracht nó Lacáiste Cánach.

### Aitheantas rogha polasaithe

Tá go leor dlínsí eile ar fud na hEorpa a chuir scéimeanna tacaíochta micrighiniúna i bhfeidhm cheana. Dá bhrí sin, tá Éire in ann cinntiú go bhfoghlaimítear ceachtanna ó dhlínsí eile ina bhforbairt polasaithe. Tá go leor samplaí ann ar fheabhsuithe ar féidir a dhéanamh ar dhearadh na bpolasaithe le cinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus chun saobhadh an mhargaidh a chosc. Mura ndéantar dearadh i gceart orthu, is féidir le polasaithe a bheith neamhéifeachtach nó eascrú i ró-chúiteamh an mhargaidh, ag eascrú in imlonnú neamhéifeachtach na dteicneolaíochtaí agus le tionchar ar chostas an pholasaithe.

Tugtar achoimre thíos ar na príomh-chineálacha polasaithe a úsáidtear chun micreaghiniúint a spreagadh agus atá i gcomhréir le RED II:

- Spreagann **táille fothaithe istigh (FIT)** infheistíocht i dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite le conarthaí fadtéarmach do tháirgeoirí fuinnimh inathnuaite. In FIT, cuirtear cúiteamh bunaithe ar chostas ar fáil do tháirgeoirí fuinnimh inathnuaite, le soláthar cinnteachta praghais agus conarthaí fadtréimhseacha a chuidíonn le infheistíochtaí fuinnimh inathnuaite a mhaoiniú. Is rogha tarraingteach é do theicneolaíochtaí nach bhfuil aibíocht acu, chun a n-aisfhriotal a luasghéarú.
- Faoi réir scéime **bhisigh fothaithe istigh (FIP)**, faigheann gineadóirí biseach ar phraghas an mhargaidh as a dtáirgeadh leictreachais. Is féidir le bisigh a bheith daingean (ag leibhéal leanúnach nach mbraitheann ar phraghsanna an mhargaidh) nó sleamhnaithe (le leibhéil difriúla i gcomhréir le praghsanna leictreachais mórdíola). Bíonn scéimeanna FIP níos simplí i ndearadh ach tá riosca ann don ró-

chúiteamh i gcás praghsanna arda an mhargaidh nó cúiteamh neamhleor nuair a bhíonn praghsanna íseal. I gcás na scéimeanna FIP sleamhnaithe, bíonn riosca áirithe roimh an rialaitheoir i gcás laghdaithe ar phraghsanna leictreachais, de réir is a bhíonn leibhéil tacaíochta difriúil le athruithe i bpraghsanna an mhargaidh leictreachais. Ar an lámh eile, ní bhíonn riosca ag an rialaitheoir íocadh as ró-chúiteamh, mar a tharlaíonn faoi réir scéime FIP daingean. D'ainneoin sin, cuireann an scéim FIP sleamhnaithe castacht níos mó ar an scéim, leis sin ag cur le costais riaracháin breise.

- Is féidir **fóirdheontais nó deontais infheistíochta** a bheith soláthraithe do chostais a ghabhann le ceannachán agus suiteáil trealaimh micrighiniúna.
- Meicníocht pholasaithe ailtéarnach ná úsáid **Teastais Oibleagáide Inathnuaite (ROCs),** ar féidir leo a bheith eisithe i gcomhair micrighiniúna ó stáisiún creidiúnaithe. Is féidir na teastais sin a thrádáil le tríú páirtithe, nó a dhíol chuig soláthraithe leictreachais go díreach, a úsáideann iad chun cloí lena nOibleagáid Inathnuaite.
- **Baránta Cliste Onnmhairíochta (SEG),** arbh é sin oibleagáid ar sholáthraithe leictreachais ceadúnaithe ar mhéid ar leith chun táille ar onnmhairiú a ofráil do ghineadóirí inathnuaite le suiteálacha incháilithe. Is féidir le soláthraithe cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal táille onnmhairíochta chomh maith lena chineál agus fad. D'fhéadfadh sin ciallú go mbeadh go leor táillí SEG difriúla ar fáil agus d'fhéadfadh gineadóirí smaoineamh ar mhalartú chuig soláthraithe leis an SEG is fábhraí.

# 4 Torthaí Ardleibhéil

## 4.1 Foirm Príomh-mheicníochta MSS - Ionchuir agus Toimhdí

Chun tacú le bearna indéantachta agus measúnú, forbraíodh samhail airgeadais. Tá mionsonraí ar thoimhdí sonraí agus modheolaíocht le feiceáil in Aguisín **Error! Reference ource not found.** den tuarascáil.

Is féidir bearna indéantachta a shainmhíniú mar an difríocht idir costas cothromaithe leictreachais (LCOE) do theicneolaíocht agus luach féin-ídithe thar saolré na teicneolaíochta. Úsáideann an samhail sonraí teicniúla agus feidhmíochta, ionchuir caiteachais caipitil (CAPEX) agus costais oibriúcháin (OPEX) ón bhandáil acmhainne agus cleachta measúnaithe ar chostais chun an giniúint iomlán a ríomhadh, mar aon le ídiú ar an

suíomh agus leictreachas onnmharithe agus costais saolré gach aircitíopa.  Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an CAPEX agus OPEX níos ísle ná iad sin a úsáidtear sa scéim FV píolóta de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) toisc go mbeadh sé sin míchuí do thacaíocht tháille cóir i scéim tacaíochta ar féidir leis a bheith níos mó.

Tá luach ag féin-ídiú mar cheannachán seachanta leictreachais a úsáidtear praghsanna leictreachais miondíola chuige. Tugadh na conairí phraghais ag SEAI i gcomhair dhá chúinse: 'Cúinse ardphraghais' agus 'cúinse ísealphraghais'. Tá a thuilleadh mionsonraí le feiceáil in Aguisín **Error! Reference source not found.** den tuarascáil. Úsáidtear 'cúinse sealphraghais' sa staidéar seo i gcomhair buncháis comhleanúnachais le Fuinneamh Náisiúnta agus Plean Aeráide na hÉireann (NECP) ina raibh sé sin úsáidte freisin mar chúinse praghais bonnlíne. Úsáideann an cur chuige sin measúnú cónasctha ar chostais daingean agus athraitheacha ionas gur féidir le tomhaltóirí ráta singil a thuar (in €/KwWh) do gach earnáil. D'fhéadfaí a thuilleadh oibre a dhéanamh chun díriú ar an ngné athraitheach de na rátaí sin toisc gurb é sin an chuid de na costais leictreachais is féidir a sheachaint trí fhéin-ídiú.

Glactar costas deis na hinfheistíochta ar infheistíocht inchomparáide i rátaí lascaine. Cé go mbíonn rátaí lascaine difriúla thar aircitíopaí difriúla, de réir is a léiríonn siad ráta cléithe d'aon infheistíocht, chun páirc imeartha cothrom a shorcú, úsáidtear an ráta lascaine céanna do gach aircitíopa. Aithníodh go bhfuil an samhail an-íogaor d'athruithe sa ráta lascaine agus mar thoradh leis an bpróiseas taighde agus optamaithe úsáidtear ráta lascaine 3.75% sa Bhonnchás chun cothromaíocht a aimsiú idir na úis ar fháltais infheistíochta agus costas na tacaíochta a theastaíonn chun an bearna indéantachta a dhúnadh, agus iad in iomaíocht le chéile, agus ráta lascaine a eascraíonn atá an-ghearr don ráta sa Chód Caiteachais Poiblí[15].

Sonraítear an bonnchás ag CAPEX agus OPEX figiúirí arna gcur síos orthu thuas, ag úsáid 'cúinse ísealphraghais' agus an ráta lascaine 3.75%. Is in aghaidh an bonnchás a dhéantar measúnú ar gach íogaireachtaí.

## 4.2 Torthaí

Déantar ríomhadh ar phríomh-thorthaí na samhlach le anailís ar shreabhadh airgid do shaolré úsáideach na n-aircitíopaí. Leis na ionchuir a rinneadh cur síos orthu sa chuid roimhe seo, ríofar costas cothromaithe an leictreachais (LCOE) de réir aircitíopa ar dtús.

[15] gov.ie - The Public Spending Code (www.gov.ie)

Úsáidtear é sin ansin chun bearnaí indéantachta a shannadh in aghaidh aircitíopa. Déantar iad sin a ríomhadh don chúinse bhonnchás.

Ritear tástálacha íogaireachta, paraiméadair ionchuir difriúla chun comparáid a thabhairt ar na torthaí leo sin a thagann ón mbonnchás. Tá príomh-aschuir na samhlach leagtha amach sa chuid a leanas.

## 4.3 Cúinse bonncháis

Is féidir tuiscint a bhaint as na torthaí LCOE (féach Léaráid 3-1, cuid 3.2.1 an tuarascála) mar chostas coibhneasta éifeachtachta ar na aircitíopaí, de réir léirithe ag an aonad leictreachais ginte. Léiríonn na figiúirí LCOE faoin mbonnchás gurb iad na aircitíopaí gréine ar leibhéal dín agus cóimeáilte ar talamh na bealaí is cost-éifeachtaí chun leictreachas a ghiniúint ar an scála micrighiniúna.

Tugtar faoi deara gur thit figiúirí LCOE i gcomhair beagnach gach aircitíopaí thar tréimhse ó 2021 go 2025, seachas na teicneolaíochtaí uisce, go háirithe i ngeall ar na laghduithe ar chostais ábhair glactha agus na cuair foghlamtha i gcostais teicneolaíochtaí.

Sonraítear an bearna indéantachta mar an difríocht idir costais saolré agus sábhálacha leictreachais saolré ó fhéin-ídiú. I bhfocail eile, is é sin an t-ioncam breise is gá do mhicreaghineadóirí a fháil chun a gcostais a ghabhann le suiteálacha nua a chlúdú. Is iad costais saolré, toirt agus luach féin-ídithe agus na rátaí lascaine na príomh-thiománaithe le bearnaí indéantachta thar saolré na n-aircitíopaí.

Dá réir, áirítear leis na athróga ar gá dóibh a bheith san áireamh le linn samhail a dhéanamh den bhearna indéantachta:

a) An íoctar spreagadh ar an leictreachas ginte nó leictreachas onnmhairithe

b) Saol na teicneolaíochta

c) Saol na scéime spreagtha

Na cúinsí samhlaithe sa tuarascáil ná:

1) Íoctar spreagadh ar an leictreachas ginte thar saolré na teicneolaíochta, de réir léirithe in **Error! Reference source not found.**3-2

2) Íoctar spreagadh ar an leictreachas onnmhairithe thar saolré na scéime spreagtha, de réir léirithe in **Error! Reference source not found.**3-3

3) Íoctar spreagadh ar an leictreachas ginte thar saolré na scéime spreagtha, de réir léirithe in **Error! Reference source not found.**3-4

Is féidir glacadh leis an mbearna indéantachta cothromaithe mar shamhail don leibhéal fóirdheontais. Rogha don scéim tacaíochta micrighiniúna ná fóirdheontas a íocadh ar an leictreachas ginte. Rogha eile ná fóirdheontas a íocadh ar an leictreachas onnmhairithe. Dá bhrí sin, is tábhachtach na leibhéil bhearna indéantachta a staidéar freisin thar an leictreachais onnmhairithe. Chomh maith leis, bíonn tionchar suntasach ag an saol spreagtha ar na figiúirí bhearna indéantachta cothromaithe toisc gur féidir leis an mbearna indéantachta saolré a bheith athshlánaithe thar tréimhse níos giorra agus dá bharr sin thar giniúna leictreachais níos lú nó toirt leictreachais onnmhairithe níos lú. Taispeántar é sin in **Error! Reference source not found.**3-3 den tuarascáil. Ailíníonn an saol fóirdheontais 15 liana glactha anseo leis an Scéim Tacaíochta reatha do Theas Inathnuaite (SSRH) agus fad fóirdheontais na Scéime Tacaíochta Leictreachais Inathnuaite (RESS).

Pointe tábhachtach eile don dearadh polasaithe ná go mbíonn indéantacht optamaithe nuair a dhéantar féin-ídiú níos airde a spreagadh, rud atá níos dóchúla má shocraítear na fóirdheontais níos ísle ná na táillí miondíola, rud a phléann Caibidil 5 den tuarascáil.

Tugann bearna indéantachta thar an onnmhairíocht leictreachais samhail chun leibhéal tacaíochta a aimsiú a theastódh chun go gclúdóidh aircitíopa áirithe a bhearna indéantachta saolré thar saolré fóirdheontais má dhéantar an scéim a dhearadh le bheith íoctha ar leictreachas onnmhairithe. Toisc go mbíonn leibhéil féin-ídithe agus dá bhrí sin leibhéil leictreachais onnmhairithe difriúil go leor i measc na n-aircitíopaí, bíonn difríochtaí mhóra ar na figiúirí bhearna indéantachta, nuair a léirítear iad thar an leictreachas onnmhairithe. Leiríonn na figiúirí go bhfuil bearnaí indéantachta ag gach aircitíopaí le bheith suiteáilte in 2021. Tabhair faoi deara freisin nach bhfuil leictreachas iomarcach ag cuid de aircitíopaí CHP, só dá bhrí sin tá an bearna indéantachta ar onnmhairiú in aice le náid, ach ní ciallaíonn sin go bhfuil na aircitíopaí sin indéanta ar bhonn airgeadais, mar a fheictear in **Error! Reference source not found.**3-4 den tuarascáil.

An príomh-thiománaí chun féin-ídiú a chur chun cinn ná praghas miondíola íoctha ar ídiú leictreachais a sheach-chur. Ag glacadh san áireamh an dá phróifíl ídithe glactha a bhfuil figiúirí arda féin-ídithe acu thar aircitíopaí agus an aidhm pholasaí atá mar bhunchloch le féin-ídiú a chur chun cinn, moltar scéim micrighiniúna a dhearadh le íocadh ar onnmhairiú ó shuíomh.

I ngeall ar líon ard na n-aircitíopaí féideartha, ní cosúil go bhfuil íocaíocht bunaithe ar aircitíopa praicticiúil in aon chor. Dá bharr, glacadh fachtóirí eile san áireamh amhail neodracht theicneolaíochta agus cost-éifeachtacht chun an cur chuige íocaíochta is optamaí a roghnú. Pléitear é sin tuilleadh i gCuid **Error! Reference source not found.** den uarascáil.

Bunaithe ar an tuarascáil measúnaithe, an rogha pholasaí a mholtar ná rogha lena bhfuil Baránta Onnmhairithe Glan[16] (CEG). Na buntáistí le Baránta Onnmhairithe Glan ná gur féidir é a sholáthar beagnach ag neodracht chostais, toisc go soláthraítear na rátaí ag soláthraithe bunaithe ar na praghsanna leictreachais mórdhíola, rud atá ailínithe freisin le aidhmeanna na hEorpa leis an Treoir Fhuinnimh Inathnuaite ateilgthe. Chomh maith leis, bíonn CEG in ann spreagthaí a sholáthar i gcomhair féin-ídithe, éifeachtachta fhuinnimh agus rioscaí a bhaineann le ró-chúiteamh a sheachaint, arbh iad sin na aidhmeanna leagtha amach faoi réir an Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide. An aidhm fadtéarmach ná socrúchán a fháil a sholáthraíonn íocaíocht bunaithe ar an margadh a thugann spreagadh d'onnmhairíocht leictreachais nuair a tharlaíonn buaicphointe éilimh an chórais trí optamú ar thaobh éilimh do ghléasanna ama úsáide, chun tacú leis na costais a ghabhann le giniúint chúltaca neamh-inathnuaite. Ansin, bheadh soláthraithe in ann táillí ama úsáidte a sholáthar do thréimhsí difriúla an lae toisc go gcuirfeadh sé sin optamú ar mhicreaghiniúint d'éileamh an chórais. Teastaíonn uaidh sin córas táillí ama úsáide agus imlonnú Méadair Cliste nach bhfuil ar fáil i margadh leictreachais na hÉireann inniu ach ar chóir dó a bheith beartaithe i gcomhair os cionn saolré an MSS. Idir an dá linn, is féidir tacú le CEG trí shocrúchán sealadach bunaithe ar phróiseas láimhe, agus dá bharr moltar íosmhéid táillí a léiríonn Praghas Margaidh don Chéad Lá Eile (DAM) mórdíola.

Toisc nach mbeidh an CEG in ann cloí le bearna indéantachta do na teicneolaíochtaí is ísle costais in aon earnáil go dtí go laghdaíonn costais teicneolaíochta níos mó, moltar CEG a fhorlíonadh ag Biseach Onnmhairithe Glan[17] (CEP) sna chéad cúpla bhliain chun tacú le imlonnú micrighiniúna inathnuaite nua. I gcomhréir le CEG, táthar ag moladh táille íosmhéid de réir earnála bunaithe ar an mbearna indéantachta don teicneolaíocht is ísle costais. Ós rud é go nglactar leis go bhfuil CEP ag traschóiriú na difríochta idir an bearna indéantachta agus an CEG soláthraithe do shuiteálacha nua, agus go bhfuiltear ag súil go laghdóidh costais na teicneolaíochta, tá ceimniú amach pleanáilte don fhóirdheontas seo freisin thar am, ag laghdú leis sin an riosca le éiginnteacht pholasaí nó ró-chúiteamh.

## 4.4 Rannpháirtíocht an phobail i Micreaghiniúint

Faoi RED II agus IMED, níl deiseanna do rannpháirtíocht ghinúsáideoirí i micreaghiniúint teoranta d'úinéirí teach agus/nó saoránaithe aonair. Tá pobail i dteideal teacht le chéile agus fuinneamh a tháirgeadh, a ídiú, a stóráil agus a dhíol chuig an ngreille, rud ar féidir a bheith léirithe ó na sainmhínithe a leanas ó Airteagal 2 RED II:

[16] Tagartha mar Bharánta Onnmhairithe Cliste sa tuarascáil

[17] Tagartha mar Fhothú Bisigh sa tuarascáil

(14) ciallaíonn ‘féin-thomhaltóir inathnuaite’ custaiméar deiridh ag oibriú laistigh a áitribh lonnaithe laistigh teorainneacha dúnta nó, nuair a cheadaítear ag Ballstát, laistigh áitribh eile, a ghiníonn leictreachas inathnuaite dá ídiú féin, agus ar féidir leis leictreachas féin-ghinte a stóráil nó a dhíol, mura gcomhdhéanann na gníomhaíochtaí sin, don féin-tomhaltóir inathnuaite, a bpríomh-ghníomhaíocht ghairmiúil nó tráchtála;

(15) ciallaíonn ‘féin-tomhaltóirí inathnuaite ag gníomhú le chéile’ grúpa ar a laghad beirt féin-tomhaltóir inathnuaite gníomhach i gcomhréir le pointe (14) thuas lonnaithe san fhoirgneamh céanna ar an mbloc il-árasáin;

(16) ciallaíonn ‘pobal fuinnimh inathnuaite’ eintiteas dlíthiúil: (A) atá, i gcomhréir le dlí náisiúnta infheidhmithe, bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach oscailte, féinrialaitheach, agus rialaithe go héifeachtach ag geallshealbhóirí nó baill lonnaithe in aice le tionscadail fuinnimh inathnuaite faoi úinéireacht agus forbairt an eintitis dlíthiúla sin; (b) na geallshealbhóirí nó baill leis atá mar dhaoine nádúrtha, SMEs nó údaráis áitiúla, lena n-áirítear bardais; (c) príomh-chuspóir leo ná sochair comhshaoil, eacnamaíoch nó sóisialta a sholáthar dá gheallshealbhóirí nó baill nó do na ceantair áitiúla ina oibríonn sé, in áit brabúis airgeadais.

Faoi RED II, nuair a bhíonn pobal socraithe mar fhéin-thomhaltóirí inathnuaite a ghníomhaíonn le chéile, i.e. Lonnaithe laistigh an fhoirgnimh céanna nó bloic il-árasáin, beidh siad i dteideal idirghníomhú le chéile chun:

- fuinneamh inathnuaite a ghiniúint, lena n-áirítear dá n-ídiú féin,
- fuinneamh inathnuaite a stóráil,
- a dtáirgeadh breise leictreachais inathnuaite a dhíol, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannacháin cumhachta, soláthraithe leictreachais agus socrúcháin trádála idir piaraí agus a cheadaítear dóibh roinnt fuinnimh inathnuaite a tháirgtear ina suíomh nó suíomhanna a shocrú eatarthu féin,
- Íocaíocht a fháil, lena n-áirítear, nuair is cuí, trí scéimeanna tacaíochta, don leictreachas inathnuaite féin-ghinte a fhothaíonn siad isteach sa ghreille, a léiríonn luach an mhargaidh agus ar féidir leis luach fadtéarmach an leictreachais fothaithe isteach sa ghreille, comhshaol agus sochaí a chur san áireamh.

Faoi réir RED II, déantar cur síos ar na Pobail Fuinnimh Inathnuaite mar a leanas:

Tá custaiméirí deiridh, go háirithe custaiméirí teaghlaigh, i dteideal a bheith rannpháirteach i bpobal fuinnimh inathnuaite gan a gcearta nó oibleagáidí a chailleadh mar chustaiméirí deiridh, agus gan a bheith faoi réir coinníollacha gan bhunús nó idirdhealaithe nó nósanna imeachta a chuirfeadh bac ar a gcuid rannpháirtíochta i bpobal fuinnimh inathnuaite, mura léiríonn a rannpháirtíocht i gcomhair tograí príobháideacha a bpríomh-ghníomhaíocht thráchtála nó ghairmiúil.

Faoi réir RED II, tá na Pobail Fuinnimh Inathnuaite i dteideal:

- fuinneamh inathnuaite a ghiniúint, lena n-áirítear dá n-ídiú féin,
- fuinneamh inathnuaite a stóráil,
- roinnt fuinnimh inathnuaite a shocrú laistigh an phobail a tháirgtear ag na aonaid táirgthe faoi úinéireacht an phobail agus ag coinneáil cearta bhaill an phobail agus oibleagáidí mar chustaiméirí
- rochtain a fháil ar mhargaí fuinnimh cuí, go díreach agus trí chomhbhailiúchán ar bhealach neamh-idirdhealaithe araon,
- a dtáirgeadh iomarcach leictreachais inathnuaite a dhíol, lena n-áirítear trí shocrúcháin ceannacháin cumhachta, soláthraithe leictreachais agus socrúcháin trádála idir piaraí.
- críochnú do scéimeanna tacaíochta ar chomhstádas le rannpháirtithe eile an mhargaidh

Maidir le tacaíochtaí do shuiteáil teicneolaíochtaí micrighiniúna, in éineacht le custaiméirí gníomhacha agus pobail fuinnimh inathnuaite araon, a bheidh faoi réir uasteorainn teicneolaíochta incháilithe leis an gcreat micrighiniúna.

Léirigh an Coimisiún um Rialú Fóntais (CRU) ina Threochlár chun Pacáiste Fuinnimh Glan a chur i bhFeidhm[18] agus a Pháipéar Faisnéise Micrighiniúna[19] go mbeidh sé i gcomhairleoireacht leis an bpobal ar go leor ceisteanna in Q4 2020 lena n-áirítear Airteagail 15 agus 16 IMED agus Airteagail 21 agus 22 RED II. Beidh DECC ag obair le CRU agus geallshealbhóirí eile chun a chinntiú go mbeidh na gnéithe sin den Phacáiste Fuinnimh Glan curtha i bhfeidhm chun rannpháirtíocht an phobail a éascú i micreaghiniúint.

Beidh Pobail Fuinnimh Inathnuaite (REC) incháilithe chun a bheith rannpháirteach sa MSS má líonann siad na critéir de réir socraithe sa Cheantáil RESS-1, mar a leanas:

[18] view latest document (cru.ie)

[19] view latest document (cru.ie)

Ciallaíonn “Pobal Fuinnimh Inathnuaite” eintiteas dlíthiúil:

(A) atá, i gcomhréir leis an ndlí infheidhmithe, bunaithe ar rannpháirtíocht oscailte agus deonach, atá féinrialaitheach, agus rialaithe go héifeachtach ag geallshealbhóirí nó baill lonnaithe (i gcás SME nó údaráis áitiúla) nó cónaitheoir (i gcás daoine nádúrtha) in aice le Tionscadal RESS 1 faoi úinéireacht agus forbartha (nó molta nó faoi úinéireacht agus forbartha) ag an eintiteas dlíthiúil sin;

(B) a bhfuil a gheallshealbhóirí nó baill ina ndaoine nádúrtha, SME, údaráis áitiúla (lena n-áirítear bardais), eagraíochtaí neamhbhrabúis nó eagraíochtaí pobail áitiúla;

C) d’aon gheallshealbhóir nó ball (le héisceacht “Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe” de réir cláraithe le SEAI), nach gcomhdhéanann rannpháirtíocht an gheallshealbhóra nó an bhaill a bpríomh-ghníomhaíocht thráchtála nó gairmiúil;

(D) a bhfuil sé mar phríomh-chuspóir leis sochair comhshaoil, eacnamaíoch, sochaí nó pobail sóisialta dá gheallshealbhóirí nó baill nó do na limistéir áitiúla ina oibríonn sé, in ionad brabúis airgeadais;

(E) maidir leis, go bhfuil gach geallshealbhóir nó ball i dteideal vóta amháin, d’ainneoin scairsheilbhe nó leasa ballraíochta; agus

(F) atá, nó a bhfuil ar a laghad geallshealbhóir acu atá, cláraithe mar “Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe” le SEAI,

Agus ní mór gach ceann de na critéir thuas léirithe chun an Soláthraí a shásamh.

REC a bhfuil micreaghiniúint reatha acu suiteáilte roimh an MSS, a bheidh incháilithe don Bharánta Onnmhairithe Glan. REC a shuiteálann suiteálacha micrighiniúna faoi réir na scéime a bheidh incháilithe don Bhiseach Onnmhairithe Glan, sa bhreis leis an CEG, ar tréimhse 15 bliain.

## 4.5 Measúnú ar thionchair féideartha an MSS

### 4.5.1 Tionchair ar an Margadh Leictreachais

#### 4.5.1.1 Táillí/costais an ghréasáin

Tá billí leictreachais comhdhéanta le táillí aonaid athraithigh bunaithe ar an méid leictreachais ídithe, costais seasta daingean agus costais eile lena n-áirítear an tobhach PSO. Is féidir le custaiméirí le micreaghiniúint an comhpháirt athraitheach (nó de réir kWh) dá mbillí leictreachais a laghdú má athchuireann siad fuinneamh allmhairithe le leictreachas

féin-ghinte. Laghdóidh sé sin an sciar dá mbille a bhaineann le leictreachas ídithe ó cad a bheadh ann ar bhealach eile.

Faoi láthair, íocann custaiméirí leis nó gan pá micrighiniúna an comhpháirt daingean céanna le táillí leictreachais. Gearrtar ar sholáthraithe na táillí gréasáin céanna do gach teach d'ainneoin ar suiteáladh micreaghiniúint, toisc go mbaineann na táillí sin leis an bhforbairt, cothabháil agus oibriúchán na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin. Leanann custaiméirí le micreaghiniúint ag úsáid gréasán tarchurtha agus dáileacháin nuair a allmhairíonn siad leictreachas, de ghnáth ag amanna gnóthacha agus dá bharr ba chóir dóibh leanúint ag íocadh ranníocaíochta leis na táillí sin. Beidh siad ag úsáid na ngréasán sin freisin chun a gcuid leictreachais a onnmhairiú le custaiméirí eile agus leis an margadh.

Níor chóir do chustaiméirí ar féidir leo a bheith in ann infheistiú i micreaghiniúint a bheith faoi mhíbhuntáiste nó tras-fhóirdheonú do na custaiméirí ar féidir leo amhlaidh a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh deais ag gach custaiméirí cuidiú leis an aistriú go córas fuinnimh carbóin, trí mhicreaghiniúint, ag glacadh ama úsáide nó táillí dinimiciúla nó trí fhreagra éilimh.

In 2021, pleanálann an CRU tús a chur le athbhreithniú ar struchtúr an ghréasáin leictreachais agus, ar feadh raon fachtóirí eile, cuirfidh sé san áireamh cothromas, follasacht agus cóir na dtáillí gréasáin i gcomhthéacs micrighiniúna le linn an athbhreithnithe seo.

#### 4.5.1.2 Tionchair ar bhochtanas breosla/ teaghlaigh le ioncam íseal

Is gá d'aon scéim tacaíochta a bheith forbartha ar bhealach atá cothromach agus cóir, agus nach ndéanann ró-chúiteamh orthu sin atá rannpháirteach nó cuireann an iomarca ualaigh orthu sin nach féidir leo, go háirithe iad sin le ioncam íseal nó i mbochtanas fuinnimh. Déanfaidh an t-athbhreithniú ar tháillí an ghréasáin a bhfuil tagairt dó in 4.5.1.1 thuas measúnú ar thionchar na gcostas MSS maidir le cinntiú, chomh mór agus indéanta, go mbíonn leithdháilte costais cothromasach agus cóir dóibh sin nach bhfuil rannpháirteach sa scéim trí athbhreithniú lena mbeidh measúnú ar leithdháileadh eilimintí daingin agus toirte na dtáillí.

#### 4.5.1.3 Costais Riaracháin

Rinne an CRU dearcadh ar shocrúcháin sealadacha chun aon íocaíochtaí a shocrú a bhaineann le micreaghiniúint. Luann siad go bhfuil go leor roghanna cothromaithe follasach ann ar féidir a bheith glactha san áireamh chun íocaíocht agus socrúchán a éascú do mhicreaghineadóirí i ndiaidh do mhéadar cliste/onnmhairithe a bheith i bhfeidhm, agus sula bhforbraítear córais chun faisnéis a aistriú ar onnmhairiú agus allmhairiú ó mhéadair cliste in 2024 mar chuid de Chéim 3 den Chlár Méadrachta Cliste Náisiúnta. I ndiaidh ceardlanna leis an tionscal, chinn CRU go mbeidh orainn réiteach sealadach socrúcháin a dhéanamh ar

bhonn láimhe d’aon scéim tacaíochta curtha i bhfeidhm ag DECC roimh Iúil 2021. Tá an CRU ag déanamh dul chun cinn freisin ar obair maidir le forbairt chreat éascaithigh i gcomhair comhbhailiúcháin in 2020 bunaithe ar riachtanais faoi réir na Treorach Rialaithe Leictreachais agus Leictreachais agus tá sé mar thuairim acu gur féidir leis sin bealach a thabhairt do thomhaltóirí idirghníomhú leis an margadh mórdhíola leictreachais, ag laghdú freisin a gcuid teagmhála le rioscaí cothromaithe an mhargaidh. Déanfaidh na cur chuige sin costais do Sholáthraithe a íoslaghdú chun an próiseas socrúcháin a chur i bhfeidhm.

Gearrfaidh soláthraithe costais riaracháin breise i gcomhair socrúcháin agus íocaíochta leictreachais onnmhairithe agus cinneadh is bainistíocht ar incháilitheacht na rannpháirtithe don scéim. Gearrfaidh ESBN costais riaracháin do shonraí mhéadar onnmhairithe, iarratais naisc onnmhairithe breise agus idirbheartaíocht le Soláthraithe. Ar deireadh, d’fhéadfadh costais a bheith ann chun taifead na suiteálaithe a bhainistiú, mar aon le ráthaíocht ar cháilíocht na suiteálacha agus idirbheartaíocht le Soláthraithe, ról atá déanta faoi láthair ag SEAI, ach ar féidir leis a bheith déanta ag grúpa an tionscail thar ceann soláthraithe. D’ainneoin sin, is gá róil agus freagrachtaí na bpríomh-gheallshealbhóirí a shonrú go fóill

#### 4.5.1.4 **Tionchair ar an bPróiseas PSO**

Aisfhriotal méadaithe ar mhicreaghiniúint agus nádúr na scéime tacaíochta a chuirtear i bhfeidhm a bhaineann le custaiméirí ag fáil íocaíochta bisigh i gcomhair leictreachais onnmhairithe chuig an ngreille molta le bheith maoinithe ag an PSO.

Is féidir tionchar na n-íocaíochtaí sin ar mhicreaghineadóirí a bheith corpraithe isteach in athbhreithniú bliantúil ar tháillí PSO. Roimh fhaomhadh dhearaidh deiridh na scéime, déanfar measúnú ar chostas measta bliantúil na n-íocaíochtaí bisigh chun tionchair na meicníochta maoinithe roghnaithe a mheas go mionsonraithe.

### 4.5.2 Tionchar chostas na scéime

#### 4.5.2.1 **Costais na scéime léiritheacha forleathan**

Beidh costais forleathan na scéime sonraithe bunaithe ar an ndearadh deiridh. Tugann an tuarascáil measúnaithe meastachán ar íocaíocht iomlán na scéime sa raon €229milliún ag brath ar an mbeidh na tacaíochtaí daingnithe. Ní mór a thabhairt faoi deara go mbaineann an raon sin, €159 milliún, leis an mBaránta Onnmhairithe Glan, a mbeidh neodrach ó thaobh costais do Sholáthraithe. Fágann sé sin costas scéime a théann ó €70milliún go dtí €170milliún thar naoi mbliana leis an meastachán is airde bunaithe ar íosmhéid tháille bisigh ráthaithe.

#### 4.5.2.2 **Costais do thomhaltóirí**

Is mar a leanas cuid de phríomh-phrionsabail maidir le micreaghiniúint:

- An cur chuige ná chun éascú do chustaiméirí ar mian leo cuidiú le dícharbónú, ag ceadú praghais réasúnta, bunaithe ar mhargadh, agus ag íoslaghdú tionchair ar chustaiméirí nach bhfuil na acmhainní nó deiseanna acu chun infheistíocht a dhéanamh ar mhicreaghiniúint leo féin.
- Tacú leis agus spreagadh do chustaiméirí rannpháirteacha chun bainistíocht a dhéanamh ar a n-éileamh féin ar bhealach inacmhainne agus íseal charbóin.
- Le cinntiú go leanann an gréasán, oibriúchán an chórais, agus costais an mhargaidh a ghabhann le foráil soláthair iontaofa, sábháilte agus slán leictreachais le sannadh ar bhealach cothromasach follasach idir custaiméirí leis agus gan mhicreaghiniúint.

An tairiscint do pholasaí ag teacht chun cinn ná go mbeidh costais na scéime íoctha trí thobhach Oibleagáide Sheirbhíse Poiblí (PSO) ar bhonn a chlúdaíonn PSO na costais a bhaineann le sciar fuinnimh inathnuaite in Éirinn a mhéadú, agus tá na costais sin chun tacú le custaiméirí leictreachais dícharbónaithe amháin trí fhuinneamh inathnuaite. Thabharfadh sé sin marc don chéad uair a úsáidtear tobhach chun maoiniú a thabhairt do shaoránaithe agus gnónna beaga, agus mar chuid de phróiseas athbhreithnithe bliantúil rialaithe, a thugann soiléire agus follasacht ar cad atá á maoiniú agus cé mhéad atáthar ag caitheamh air. D’ainneoin sin, aithnímid nach bhfuil an PSO bunaithe ar ídiú, rud a chiallaíonn go mbeidh siad sin ar mian leo tionchar na gcostas sin a laghdú, go háirithe iad nach bhfuil go leor fuinnimh acu, ag fáil amach gur do-dhéanta méadú a chosc trí fheabhsuithe éifeachtacha d’fhuinneamh nó athruithe iompraíochta a laghdaíonn ídiú fuinnimh. Sa slí céanna, tugtar na tacaíochtaí ar tréimhse teoranta ama agus laghdaítear iad thar tréimhse, só ionas go mbeidh na costais ionsúite isteach i rátaí Soláthraithe, tá riosca ann gur féidir le boilsciú ar phraghas an leictreachais a bheith seasmhach i ndiaidh na scéime.

Déanfar measúnú ar thionchar an MSS ag staid deiridh dearaidh agus cuirfear an scéim faofa mar chuid d’athbhreithniú ar tháillí gréasáin agus costais a thosaíonn in 2021 ag CRU. Táthar ag súil, i ngeall ar an líon reatha micreaghineadóirí agus an méadú mór a thiocfadh in imlonnú suiteálacha micreaghiniúna thar saolré na scéime, go mbeidh an tionchar íseal sna blianta luatha. Mar shampla, bunaithe ar an meastachán ar chostais na scéime i gcuid 4.5.2.1 thuas, is é an costas bliantúil is mó bunaithe ar an meastachán is airde sa raon (i.s. €170Milliún) ná €19milliún. Méid iomlán íocaíochta an mhargaidh leictreachais miondíola ná timpeall €3billiún in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, tá na costais bliantúla níos lú ná a haon

faoin gcéad den luach sin. Meastar go bhfuil costas iomlán PSO in 2021 ag €393m, dá bhrí sin tá an buaicphointe costais bliantúil níos lú ná 8% den luach sin.

#### 4.5.2.3 **Tionchair ar Ghreille an Oibreora Córais Dáileacháin (DSO)**

Beidh tionchair féideartha ag aisfhriotal ardaithe micrighiniúna ar an na córais tarchurtha agus dáileacháin araon, ar féidir leo brath ar chumraíocht agus aois an ghréasáin. Gheobhaidh sé sin tionchar ó mhicreaghiniúint reatha, treochtaí i suiteáil feithiclí leictrigh, caidéil teasa agus leictriúchán teasa. Beidh ar aon chostais breise bainteach le forfheidhmiú suntasach i ngeall ar idirghníomhaíocht idir na fachtóirí sin na bealaí is cothromasaí a chur san áireamh chun costais an ghréasáin breise a athshlánú. D'fhéadfadh glacadh le aon sochair féideartha ag carnadh ó mhicreaghiniúint, nó carnadh éifeachtach an ruda céanna thar tréimhse níos faide, san áireamh amhail acmhainneacht laghdaithe i gcaillteanais córais a bhaineann le iompar leictreachais ar leibhéal dáileacháin. D'fhoilsigh an DSO, Gréasáin ESB tuarascáil ina bhfuil measúnú ar thionchair treá méadaithe micrighineadóirí ar a ngréasáin féin[20]. Ghlac siad conclúid gur féidir le gach tomhaltóirí leictreachais suas go dtí 3kW a shuiteáil i gceantair tuaithe agus 4kW i gceantair uirbeacha le beagán nó gan tionchar ar an ngréasán. Déanfar measúnú ar na tionchair ó leictreachas onnmhairithe ó mhicreaghiniúint le linn saolré na scéime mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe cúig bhliana ar Phraghas faoi bhainistíocht an CRU.

#### 4.5.2.4 **Measúnú ar Státchabhair**

Baineann Státchabhair an AE le tacaíochtaí do chomhlachtaí. Dá bhrí sin, níl na costais sa scéim seo chun tacú leis an earnáil náisiúnta san áireamh sa mheasúnú Státchabhair. Baineann an costas chun tacú leis an earnáil neamh-náisiúnta leis an mBiseach Onnmhairithe Glan. Is tábhachtach a lua go nglacfar le tacaíocht tugtha d'fhiontair faoi réir an Bhisigh Onnmhairithe Glan mar Státchabhair. D'ainneoin sin, beidh aon chúnamh tugtha faoi bhun teorann Cúnaimh De Minimis €200,000 thar aon trí bhliana fioscach. De réir measúnaithe déanta ag DECC, ní bheidh faomhadh sonrach Státchabhair an AE ag teastáil i gcomhair scéime Tacaíochta Micrighiniúna forleathan toisc go bhfuil an méid tacaíochta do ghnónna faoi bhun an teorann.  I ndiaidh faomhadh an Rialtais a fháil i gcomhair dearaidh forleathan na scéime, tabharfaidh DECC fógra don AE le mionsonraí maidir leis an scéim faoi réir treoirlínte an Rialacháin Díolúine Bloic Ginearálta (GBER)[21].

---

[20] assessment-of-the-scope-for-higher-penetrations-of-distributed-generation-on-the-low-volage-distribution-network.pdf (esbnetworks.ie)

[21] https://ec.europa.eu/competition/state_aid/legislation/block.html

# 5 Ardleibhéal Dearaidh agus Ceisteanna Comhairleoireachta Poiblí

Tá an MSS nua deartha le príomh-aidhm polasaithe a bhaineann le tacaíochtaí a thabhairt do mhicreaghineadóirí chun féin-ídiú inathnuaite agus éifeachtacht fhuinnimh a spreagadh agus is féidir leis tacú le ranníocaíocht na hÉireann ar feadh targaidí fuinnimh inathnuaite an AE 2030. Cloíonn an dearadh molta le uaillmhianta i gcomhair micrighiniúna faoi réir an Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Clár 2020 don Rialtas. De réir achoimrithe, rinneadh measúnú ar go leor cúinsí MSS agus meicníochtaí tacaíochta in aghaidh na gcritéar sin, agus freisin in aghaidh aidhmeanna an pholasaithe. Bhí gach ceann de na cúinsí sin múnlaithe in aghaidh raon íogaireachtaí.

Is iad na roghanna ardleibhéil ag teacht chun cinn ná:

1. Cur i bhfeidhm tháille Baránta Onnmhairíochta Glan molta (CEG) le haghaidh leictreachais iomarcaí onnmharaithe chuig an ngreille ó fhéin-thomaltóirí inathnuaite agus pobail fuinnimh inathnuaite a léiríonn luach cóir an mhargaidh leictreachais, ailínithe le riachtanais Airteagail 21 Chlásal 2 (d) na Treorach Fhuinnimh Inathnuaite (AE/2018/2001). Cuirfear ráta íosmhéid, molta le bheith socraithe ag CRU, ar fáil bunaithe ar an mheán phraghas leictreachais mórdíola Mhargaí don Chéad Lá Eile (DAM) agus beidh sé mar an gcéanna thar gach teicneolaíochtaí. Déanfaidh soláthraithe na costais a athshlánú trí chothromaíocht ar a gcuid portfolio agus/nó díolachán leictreachais sa mhargadh mórdíola, agus tá siad saor chun rátaí níos airde a chur ar fáil chun féin-thomhaltóirí inathnuaite a mhealladh nó a choinneáil. Nuair a bhíonn sé ar fáil, déanfar measúnú ar shocrúcháin don táille sin chun táillí ama úsáide a chorprú a spreagann onnmhairíocht optamach leictreachais chun leasa an chórais. Ní mór a lua nach luann an Treoir RED ateilgean aon mhicreaghiniúint agus dá bharr ní bheidh an CEG teoranta don uasteorainn 50kWe a dtagraítear dó sa MSS.

Q1. An aontaíonn tú leis an gcur chuige chun CEG a chur ar fáil chun íocaíocht onnmhairíochta a sholáthar a léiríonn luach cóir an mhargaidh leictreachais i gcomhréir leis an Treoir Fhuinnimh Inathnuaite ateilgean? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

Q2. An aontaíonn tú gur chóir ar dtús an CEG a bheith ina tháille daingean, íosmhéid tugtha ag Soláthraithe mar chostas curtha ar aghaidh bunaithe ar an bpraghas

leictreachais mórdíola Mhargaí don Chéad Lá Eile (DAM)? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

2. Cuirfear tacaíochtaí bhreise ar fáil chun go mbeidh teicneolaíochtaí micrighiniúna nua suiteáilte i ndiaidh 30 Meitheamh 2020 trí ráta Tháille Bisigh Onnmhairithe Glan daingean i gcomhair gach tomhaltóirí teaghlaigh agus neamh-theaghlaigh le haghaidh leictreachais iomarcaigh onnmhairithe chuig an ngreille.

i. Úsáideann an bearna indéantachta ráta lascaine molta ar 3.75%. Bhí an ráta lascaine sin roghnaithe chun cothromaíocht a aimsiú idir leasanna fháltais ar infheistíocht agus costas na tacaíochta a theastaíonn chun an bearna indéantachta a dhúnadh.

Q3. Roghnaíodh ráta lascaine comónta 3.75% ar feadh gach earnáil mar ionchur don mheasúnú ar an mbearna indéantachta. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

ii. Beidh na rátaí Bisigh sonraithe mar theicneolaíocht is ísle costais i gcomhair gach earnála chun réiteach neodrach ó thaobh teicneolaíochta de a sholáthar.

Q4. Áirítear leis an bpolasaí ag teacht chun cinn beart ina féidir le gach Féin-Tomhaltóirí Inathnuaite a shuiteálann teicneolaíocht micrighiniúna i ndiaidh an 30 Meitheamh 2020 rochtain a fháil ar íocaíocht i gcomhair táille íosmhéid Bisigh Onnmhairithe Glan do leictreachas onnmhairithe sonraithe ag an gcostas is ísle le haghaidh gach earnáil. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

iii. Táthar ag athshlánú an bhearna indéantachta tríd an CEG agus an CEP. Tá an CEP ag fáil cabhrach ar leictreachas onnmhairithe agus dírithe ar ráta atá faoi bhun na rátaí miondíola íoctha ag an nginúsáideoir, rud a spreagann féin-ídiú. Mar thoradh leis sin, beidh an tacaíocht ann ar feadh 15 bliain do gach teicneolaíochtaí.

Q5. Cuirfear an táille Bisigh Onnmhairithe Glan molta do leictreachas onnmhairithe ar fáil ar feadh tréimhse 15 bliain do gach teicneolaíochtaí. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

iv. Beidh méid iomlán na tacaíochta uasteorannaithe ag an méid onnmhairithe a bhaineann le méid suiteála chun ró-íocaíocht a chosc. Beidh an uasteorainn bunaithe ar 30% de ghiniúint iomlán i bhfeidhm do gach teicneolaíochtaí agus gach earnáil.

Q6. Áirítear leis an ndearadh ardleibhéil beart ina mbeidh táille Bisigh Onnmhairithe Glan do leictreachas onnmhairithe uasteorannaithe de réir méid a bhaineann leis an méid suiteála chun ró-íocaíocht a chosc. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

3. Ní mór cloí leis na critéir incháilitheachta chun gur féidir le féin-tomhaltóirí inathnuaite nó pobail fuinnimh inathnuaite rochtain a fháil ar an mBaránta Onnmhairíochta Glan nó táillí Bisigh Onnmhairíochta Glan.

i. Molann an dearadh ardleibhéil 4 theicneolaíocht inathnuaite incháilithe le bandáil uasmhéid acmhainne mar a leanas:

- Micrea-uisce, uasmhéid 50kWe
- Micrea-ghaoithe, uasmhéid 50kWe
- Fótavoltach na gréine (PV), uasmhéid 50kWe
- Inathnuaite Micrea-CHP, uasmhéid 30kWe

Ní chuireann inathnuaite micrea-CHP ola, breosla soladach, gás nádúrtha agus breoslaí neamh-inathnuaite eile san áireamh agus ní laghdaíonn sé príomh-fhuinneamh nó CO2, de réir na réamh-mheastacháin i gcomhair laghduithe sa ghreille i leibhéil astuithe carbóin leictreachais, agus dá bharr níl sé ailínithe le uaillmhianta aeráide an Rialtais toisc nach bhféadfadh sé teicneolaíochtaí bhreoslaí iontaise a ghlasáil isteach.

Q7. Mhol an dearadh ardleibhéil 4 theicneolaíocht inathnuaite incháilithe liostaithe thuas. An aontaíonn na freagróirí leis an tairiscint seo? Mura n-aontaíonn, cén ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

Q8. Tá raon teicneolaíochtaí inathnuaite ar féidir leo a bheith imlonnaithe in áitribh teaghlaigh agus SME chun ardleibhéil féin-ídithe leictreachais inathnuaite a éascú. Dá bharr, moltar go bhfuil sainmhíniú ar mhicreaghiniúint mar seo: “teicneolaíochtaí micrighiniúna lena n-áirítear micrea-FV na gréine, micrea-uisce, micrea-ghaoithe agus CHP micrea-inathnuaite le uasmhéid aschuir leictrigh 50kW”. An aontaíonn na freagróirí leis an tairiscint seo? Mura n-aontaíonn, cén ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

ii. Iarrfar ar iarratasóirí nasc saineolach a bheith acu ón Oibreoir Chóras Dáileacháin chun rochtain a dháil ar an ngreille chun leictreachas iomarcach a onnmhairiú.

Q9. Iarrfar ar iarratasóirí nasc onnmhairíochta a bheith acu leis an Oibreoir Chóras Dáileacháin. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

iii. Beidh an CEP ar fáil d'fhoirgnimh reatha amháin mar go bhfuil an gcostas chun micreaghiniúint a shuiteáil i gcomhair foirgnimh nua i bhfad níos ísle.

Q10. Beidh an CEP ar fáil d'fhoirgnimh reatha amháin. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

iv. Más mian le iarratasóirí leas a bhaint as CEP, beidh orthu cloí le riachtanas BER iar-oibreacha íosmhéid chun a chinntiú go mbaintear amach an prionsabal éifeachtachta fhuinnimh ar dtús. Beidh ar fhoirgnimh áitrithe rátáil BER C a bhaint amach. Tiocfaidh an t-íosmhéid rátála BER don MSS in airde thar am chun ailíniú le cláir aisfheistithe éifeachtachta fhuinnimh eile an Rialtais.

Q11. Beidh ar fhoirgnimh áitrithe íosmhéid rátála BER C i ndiaidh oibreacha a bhaint amach. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

Q12. Tiocfaidh an t-íosmhéid rátála BER don MSS in airde thar am chun ailíniú le cláir aisfheistithe éifeachtachta fhuinnimh eile an Rialtais. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

v. Ní mór do ghrúpaí an phobail cloí le sainmhíniú ar Phobal Fuinnimh Inathnuaite (de réir Coda 4 thuas) agus a bheith cláraithe le SEAI.

Q13. Ní mór do ghrúpaí an phobail cloí le sainmhíniú ar Phobal Fuinnimh Inathnuaite agus a bheith cláraithe le SEAI. An aontaíonn na freagróirí leis an gcur chuige seo? Mura n-aontaíonn, cén samhail ailtéirneach a mholfá agus cén fáth?

4. Rinneadh measúnú ar go leor roghanna chun maoiniú a thabhairt don scéim agus na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann, go háirithe Soláthraithe ag athshlánú costais trína dtáillí miondíola nó tríd an PSO. Moltar a cheadú do Sholáthraithe costais na tacaíochta Bisigh a athshlánú tríd an tobhach Oibleagáide Sheirbhíse Poiblí (PSO).

Q14. Molann an polasaí atá ag teacht chun cinn do Sholáthraithe costais na tacaíochta Bisigh a athshlánú tríd an PSO. Cuireann DECC fáilte roimh dearcthaí na bhfreagróirí

maidir leis an meicníocht mhaoinithe a thacaíonn le micreaghiniúint. An dóigh leat gur chóir don PSO tacú le micreaghiniúint nó ar chóir dó a bheith trí rátaí miondíola Soláthraithe nó meicníocht eile?

5. Beidh feidhmíocht na Scéime faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla chun cuntas a ghlacadh ar athruithe i dteicneolaíocht agus costais an ghréasáin agus praghsanna leictreachais, ionas gur féidir leis na tacaíochtaí á gcur ar fáil seachadadh ar aidhmeanna na scéime, lena n-áirítear leibhéal críochghlactha agus costais na scéime. Nuair nach bhfuil an scéim ag feidhmiú mar is cuí, beidh moltaí d'athruithe déanta sa scéim don Aire.

Q14. Cuireann DECC fáilte roimh dhearcthaí na bhfreagróirí faoi conas bainistíocht a dhéanamh ar chostais na scéime agus minicíocht na n-athruithe sna socrúcháin tacaíochta.

# 6 Gluais na dTéarmaí

**BEC:** Pobail Fuinnimh Níos Fearr

**BER:** Rátáil Fuinnimh Tógála

**CAP:** Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide

**CAPEX:** caipiteal

**CEG:** Táille Bharántas Onnmhairithe Glan i gcomhair leictreachais iomarcaigh onnmhairithe chuig an ngreille ó fhéin-thomhaltóirí inathnuaite agus pobail fuinnimh inathnuaite a léiríonn luach cóir an mhargaidh do leictreachas, a chomhdhéanann táille íosmhéid bunaithe ar an bpraghas leictreachais mórdhíola Mhargadh don Chéad Lá Eile (DAM) agus mar an gcéanna thar gach teicneolaíochtaí.

**CEP:** Biseach Onnmhairithe Glan ná tacaíocht 15 bliain le haghaidh imlonnaithe micrighiniúna inathnuaite nua, a chomhdhéanann táille onnmhairithe íosmhéid difreáilte de réir earnála bunaithe ar an mbearna indéantachta leis an teicneolaíocht is ísle costais.

**CHP:** Teas agus cumhacht le chéile

**CRU:** Coimisiún um Rialú Fóntais

**DAM:** Margadh don Chéad Lá Eile, cuid den I-SEM

**DECC:** An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

**DSO:** Oibreoir an Chórais Dáileacháin, i.e. Gréasáin ESB

**EV:** Feithiclí leictreacha

**Biseach Fothaithe Istigh (FiP):** Biseach €c/kWh athraitheach. An difríocht idir an bearna indéantachta agus LCOE don teicneolaíocht.

**GBER:** Rialachán Díolúine an Bhloic Ginearálta

**IMED:** Treoir An Mhargaidh Inmheánaigh um Leictreachas

**I-SEM:** Margadh Leictreachais Singil Comhtháite. Margadh mórdhíola nua do leictreachas in oileán na hÉireann.

**LCOE:** Costas Cothromaithe Leictreachais. Léirithe in €c/kWh, an praghas meánach a bhaineann le leictreachas a bheadh ag gach cineál teicneolaíochta micrighiniúna le fáil ina saolré, ag fachtóir lód ar leith, chun a chostais caipitil agus oibriúcháin a chlúdú.

**Micreaghiniúint:** an ghiniúint leictreachais ar scála beag, de ghnáth i gcomhair úsáide teaghlaigh, le foinsí fuinnimh inathnuaite.

**OPEX:** caiteachas oibriúcháin

**NECP:** Plean Fuinnimh agus Aeráide Náisiúnta

**PSO:** Tobhach Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí

**PV:** Fótavoltach

**RED II:** Treoir Fuinnimh Inathnuaite Ateilgean (AE/2018/2001).

**RES-E:** Foinsí Fuinnimh Inathnuaite do Leictreachas.

**RESS:** Scéim Tacaíochta do Leictreachas Inathnuaite: Scéim tacaíochta bunaithe ar cheantáil oibrithe ag DECC chun tacú le imlonnú giniúna leictreachais inathnuaite ar scála mór.

**SEAI:** Údarás Fuinnimh Inathnuaite na hÉireann

**SEC:** Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

**SME:** Fiontar beag agus meánach

**SSRH:** Scéim Tacaíochta do Theas Inathnuaite

**TAMS:** Nua-aoisiú Talmhaíochta Dírithe

**Bearna Indéantachta:** An gearrdháileadh idir ioncaim an mhargaidh agus LCOE micrighineadóra, léirithe in €c/kWh.